Fiosrú

Oifig an Ombudsman Póilíneachta

Office of the Police Ombudsman

# Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Clár Ábhar


**Teachtaireacht ón Ombudsman Póilíneachta** 3

**Nuashonrú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** 6

**Súil Siar ar 2025** 7

**Maidir le Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta** 8

- Bliain de Bhunathrú agus Fuinneamh 9
- Nuacht - Cumhachtaí Níos Fairsinge ag Fiosrú 10
- Ár bhFís, Misean agus Luachanna 12
- Forbairt an Ráitis Straitéisigh 13
- Ár bhFeidhmeanna 14
- Láimhseáil Gearán Feabhsaithe 21

**Forbhreathnú ar Ghníomhaíochtaí** 22

- Gearáin a Fuarthas ón bPobal 23
- Gearáin ón bPobal a Réitíodh 26
- Tarchuir agus Fógraí ó na Gardaí 28
- Torthaí Imscrúduithe 32
- Caingne Dlí tar éis Imscrúduithe 33
- Cás-Staidéir 34

**Rialachas agus Airgeadas** 38

- Struchtúr Rialachais 39
- Bord Feidhmiúcháin Fiosrú 41
- Rialachas Corparáideach 42
- Maoiniú agus Riarachán 46

**Forbairt Eagraíochtúil agus For-rochtain** 48

- Ár bhFoireann a Fhorbairt 49
- Ceangal agus Caidreamh 51

**Aguisíní** 54

- Aguisín A: Gearáin a Tharchuir Fiosrú lena Réiteach ag an nGarda Síochána 55
- Aguisín B: Ionchúisimh a d'Ordaigh an DPP 57
- Aguisín C: Torthaí Cásanna Coiriúla a Cinneadh sa Chúirt 58
- Aguisín D: Próifíl na nGearánach 2025 59
- Aguisín E: Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais 63


Ullmhaíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo agus cuireadh í faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i gcomhréir le hAlt 185 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

# Teachtaireacht ón Ombudsman Póilíneachta



Tháinig éifeacht le Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta, an 2 Aibreán 2025. Ghlac sé dualgais a réamhtheachtaí GSOC chuige féin agus chuir sé leo. Is é an eagraíocht mhaoirseachta reachtúil neamhspleách don phóilíneacht in Éirinn é.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, tugtar léargas ar ghníomhaíochtaí Fiosrú sa tréimhse naoi mí ó mhí Aibreáin go dtí mí na Nollag 2025 agus muid ag baint leasa as an obair bhunúsach a bhí tugtha chun críche cheana féin, agus féiniúlacht nua agus bealaí oibre níos éifeachtúla á gcruthú againn ag an am céanna.

Tá ról Fiosrú leagtha amach i reachtaíocht phríomha, an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, lenar leathnaíodh feidhmeanna agus cumhachtaí m'oifige, ar an leibhéal institiúideach agus sa chleachtas.

Folaítear neamhspleáchas oibríochtúil nua Fiosrú inár reacht bunaidh, agus tugadh léiriú air leis an gcomórtas oscailte le haghaidh sealbhóirí oifigí neamhspleácha, an Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty, agus mé féin. Tá an bheirt againn i seilbh ár n-oifigí mar dhaoine a cheap an Ceann Stáit, an tUachtarán, go díreach, tar éis rún a bheith rite ag an dá Theach den Oireachtas. Tá an bheirt againn freagrach go díreach don Oireachtas as ár bhfeidhmeanna reachtúla.

Ina theannta sin, tá a bhuiséad imfhálaithe féin ag Fiosrú, arna vótáil ag an Oireachtas, agus tugann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Sheila McClelland, cuntas ina leith do Choiste na Dála um Chuntais Phoiblí.

Cé go bhféadfaí glacadh leis, tráth, go mbeadh comhlacht formhaoirsiúcháin amhail Fiosrú in ann feidhmiú go neamhspleách, táimid ag oibriú i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú, faoi láthair, ina bhfuil an bonn á bhaint de riail an dlí agus luachanna an daonlathais. Is sa chomhthéacs seo a bhfuil áthas orm a rá go bhfuil stádas neamhspleách Fiosrú ag teacht go hiomlán le Prionsabail na Veinéise, sraith caighdeán d'institiúidí ombudsman a aithnítear ar fud an domhain.

Mar rannpháirtithe gníomhacha i líonraí formhaoirsiúcháin ar fud Chomhairle na hEorpa, ní dhéanaimid talamh slán den phribhléid atá againn bheith ag feidhmiú i ndaonlathas liobrálach, áit nach gcuirtear srian ar ár gcuid oibre, agus nach ndéantar cur isteach polaitiúil uirthi.

Tá cáil iontach go hidirnáisiúnta ar Éirinn mar thír a thacaíonn le cearta an duine. San Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, leagtar amach cuspóirí an Gharda Síochána, lena n-áirítear cearta daonna gach duine a chosaint agus a shuíomh, agus tá dualgas nua ann maidir le dochar do phearsana aonair a chosc, go háirithe pearsana aonair atá soghonta nó i mbaol.

Is é sin an cúlra domhanda agus baile lenár gcuid oibre sa tréimhse naoi mí ó aistríodh GSOC go dtí Fiosrú, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

## Na Príomh-Athruithe ar ár Ról

Bhunaigh m'oifig líon comhaontaithe catagóirí lena chinneadh cibé an bhfuil gearán inghlactha oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána. Fiú i gcásanna den sórt sin, gheobhaidh Fiosrú tuairiscí agus nuashonruithe rialta ó Choimisinéir an Gharda faoi thorthaí na ngearán a tarchuireadh lena réiteach.

Taobh istigh den chéad naoi mí d'fheidhmiú an chórais nua seo maidir le gearáin ón bpobal, cuireadh leath de na gearáin inghlactha go léir a rinneadh le Fiosrú ar aghaidh lena réiteach ag an nGarda. Cé go bhfuil sé beagán luath fós chun ceachtanna a fhoghlaim, táim dóchasach, i bhfianaise na staitistice sin, go gcinnteoidh láimhseáil chomhréireach na ngearán nach bhfuil chomh tromchúiseach sin na torthaí is tapúla agus is oiriúnaí do na gearánaigh agus do na gardaí a ndéantar gearáin ina gcoinne.

An dara athrú is mian liom a lua ná an fairsingiú ar an raon líomhaintí a fhéadfaidh Fiosrú a imscrúdú tar éis tarchur ón nGarda.

Mar ab ionann lena réamhtheachtaí, tá sainordú ag Fiosrú imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais thromchúiseacha ina raibh teagmháil le garda agus inar tharla bás duine den phobal, nó díobháil thromchúiseach do dhuine den phobal.

Fairsingíodh a bhfuil i gceist le "díobháil thromchúiseach" le reacht agus cuimsítear teagmhais a dhéantar íospartach ciona ghnéasaigh de dhuine nó ina ndéantar mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí. Is féidir a chur san áireamh le 'mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí' caidreamh mothúchánach míchuí idir garda agus aon duine eile. Ciallaíonn an raon feidhme fairsingithe seo go bhféadfaidh Fiosrú, agus imscrúdú á dhéanamh aige ar theagmhais thromchúiseacha tarchurtha ón nGarda, fiosrú a dhéanamh ar cibé an bhféadfadh sé gur tharla mar thoradh ar ghníomh nó neamhghníomh ag garda go ndearnadh íospartach ciona ghnéasaigh de dhuine, nó íospartach mí-úsáide cumhachta chun críche gnéasaí. Sa tréimhse tuairiscithe seo, bhain sé cinn de na 30 tarchur ón nGarda a rinneadh chuig Fiosrú le hionsaí gnéasach líomhnaithe nó le mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí.

## Fógraí a thabhairt do Fiosrú

Baineann an tríú athrú suntasach leis an mbunphrionsabal gur cheart go ndíreodh obair Fiosrú maidir le teagmhais a imscrúdú ar an méid is gá a fhoghlaim a shainaithint agus athruithe a mholadh de réir mar is cuí.

Leis an reacht nua, cuirtear oibleagáid ar Choimisinéir an Gharda fógra a thabhairt do m'oifig maidir le haon "teagmhas is ábhar imní" ina bhféadfadh sé go ndearna garda cion coiriúil nó é féin nó í féin a iompar ar mhodh arbh ionann é agus mí-iompar infhógartha a d'fhágfadh go mbeadh bonn cirt le himeachtaí iompair a thionscnamh. Bheadh sé de rogha agam ansin raon beart a dhéanamh, nó a chinneadh nach mbeadh aon bheart breise ag an oifig seo de dhíth.

Sna chéad naoi mí d'oibríochtaí Fiosrú, fuair m'oifig 58 fógra faoi theagmhais is ábhar imní. Bhain ceann amháin as gach cúig díobh le teagmhais líomhnaithe a bhain le foréigean baile, gnéasach nó inscne-bhunaithe ag gardaí ar fónamh. Áiríodh iontu líomhaintí i gcoinne gardaí fireanna ar fónamh a rinne a bpáirtithe, a n-iar-pháirtithe agus comhghleacaithe sa Gharda a raibh imní orthu. An dara chúis ba mhó le fógraí faoi theagmhais is ábhar imní a thabhairt ná gardaí nach raibh ar dualgas ag tiomáint faoi thionchar an óil.

Cé nach iompar nua é iompar den sórt sin ag gardaí, an rud atá nua ná go bhfuil léargas i bhfad níos fearr ag Fiosrú, mar chomhlacht formhaoirsiúcháin, ar iompar a bhí as radharc go dtí seo.

Ní chuireann fógra chuig m'oifig faoi theagmhas is ábhar imní cosc ar an nGarda Síochána gníomh a dhéanamh é féin, lena n-áirítear imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí in aghaidh gardaí a dhéanamh. Go deimhin, i gcás fhormhór na bhfógraí a fuair m'oifig anuraidh, bhí imscrúduithe faoi stiúir an Gharda – a bhain le coireacht nó iompar – ar bun cheana féin. Tabharfar tús áite do leas gach íospartaigh i gcónaí ag cinntí á ndéanamh faoi imscrúduithe Fiosrú.

Tugtar aird mhór ar fhoréigean ag póilíní sa réimse poiblí, mar is ceart, in Éirinn agus ar fud an domhain. Tharla cásanna tromchúiseacha anseo in Éirinn d'fhoréigean ag gardaí i gcoinne fear agus ban.

Gné amháin den fhoréigean nach bhfuil an oiread sin eolais agus taifead faoi ná mí-úsáid a dhéanann póilíní ina saol príobháideach, ar a dtugtar foréigean dlúthpháirtí. Bíonn níos mó bacainní ann do mhná chun foréigean den sórt sin a thuairisciú nuair is gníomhaí Stáit ag a bhfuil cumhachtaí ollmhóra é an déantóir líomhnaithe coire, mar gharda. Bíonn fiú níos mó bacainní ann nuair is gardaí ar fónamh iad na mná is íospartaigh.

Cuirtear fáilte roimh an athrú ó ardbhainistíocht an Gharda maidir le tuairisciú poiblí a dhéanamh agus imní a chur in iúl faoi ghardaí a ghabhann d'fhoréigean nó smachtú comhéigneach i gcoinne na mban, lena n-áirítear a ndlúthpháirtithe.

Rinne Fiosrú roinnt beart tábhachtach sa chéad bhliain ar an bhfód dúinn chun muid féin a ullmhú chun seirbhísí ardcháilíochta atá i gcomhréir lenár sainchúram níos fairsinge a chur ar fáil. Agus an réamhobair déanta againn roimh an aistriú chuig Fiosrú, bhunaíomar an rud ar a dtugaimid an tAonad Sainseirbhísí chun imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais ina líomhnaítear aon ghníomh nó neamhghníomh ag garda i ndáil le teagmhais d'fhoréigean baile, smachtú comhéigneach, mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí, mí-úsáid ghnéasach leanaí nó ionsaí gnéasach.

Ina theannta sin, cheapamar an dlíodóir iomráiteach um chearta an duine agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Ionad Éigeandála Bhaile Átha Cliath um Éigniú, Noeline Blackwell, mar shainchomhairleoir faoi fhoréigean foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe. Chuireamar tús le tionscadal le Women's Aid freisin chun tacú lenár seachadadh seirbhíse d'íospartaigh agus do dhaoine fásta leochaileacha.

Is tábhachtach a lua nár chóir luach obair Fiosrú maidir le gearáin agus imscrúduithe a léirmhíniú i dtéarmaí méid agus sin amháin.

Tá dhá chás faoi leith sa Tuarascáil Bhliantúil seo a léiríonn cineál athraitheach agus casta imscrúduithe Fiosrú.

An chéad chás is mian liom aird an Oireachtais a tharraingt air ná sampla d'fhorneart uafásach agus díréireach á úsáid ag garda ar dhuine 17 mbliana d'aois. Agus pianbhreith á gearradh aici sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, dúirt an Breitheamh Pauline Codd nár mhór don chúirt díspreagadh a leagan síos maidir le forneart díréireach a bheith á úsáid ag gardaí. Fiú amháin nuair atá siad spréachta, ní mór do chomhaltaí den Gharda Síochána meas a léiriú ar chearta agus ar dhínit duine agus ní féidir leo ach an forneart is gá a úsáid.

I gcás eile inar phléadáil garda ciontach in ionsaí duine eile 17 mbliana d'aois, dúirt an Breitheamh gurbh imthoisc ghéaraitheach é gur leanbh a bhí sa pháirtí díobhálaithe a bhí faoi chúram an Stáit ag an am. Dúirt an Breitheamh Sinéad Ní Chúlacháin go ndearnadh an cás níos measa fós leis an uirísliú agus táirchéimniú a rinneadh d'aon ghnó ar an bpáirtí díobhálaithe.

Léiríonn na cásanna sin péire de na príomhréimsí téamacha in obair Fiosrú le bliain anuas, agus baint acu le forneart a úsáid leis an gcaoi a gcaitear le leanaí agus daoine óga.

Mar fhocal scoir, táim thar a bheith buíoch le foireann Fiosrú a thug go fonnmhar faoin dúshlán chun eagraíocht nua a chruthú dínn féin. Le chéile, ní mór dúinn teacht ar bhealaí nua chun freagra a thabhairt ar na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus ar na treochtaí maidir le gearáin agus imscrúduithe, chun feabhas a chur ar mhaoirseacht agus cuntasacht na póilíneachta in Éirinn.



**Emily Logan**
**An tOmbudsman Póilíneachta**

# Nuashonrú ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Bliain bhunathraitheach a bhí in 2025 d'Oifig an Ombudsman Póilíneachta, nuair a rinneadh an t-aistriú chuig Fiosrú, ar deireadh, an 2 Aibreán 2025.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas chun breis agus 300 tasc ríthábhachtach a chur i gcrích mar chuid dár dtreochlár chuig an aistriú, fad a choinnigh siad gnáthleibhéil seirbhíse ar bun maidir le gearáin agus imscrúduithe.

Tuigimid gur thuras leanúnach é an t-aistriú, agus mar sin chuireamar tús in 2025 ar phleanáil agus ar chomhairliúchán don chéad Ráiteas Straitéise trí bliana le haghaidh Fiosrú. Ghlac an fhoireann agus páirtithe leasmhara, ina measc comhlachtaí stáit eile agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, páirt go fonnmhar i sraith cruinnithe agus ceardlann. Rinneamar suirbhé náisiúnta ar mheon an phobail mar bhonn eolais do na hathruithe ar ár gcleachtais agus nósanna imeachta, agus dár gcuid oibre for-rochtana.

An toradh ar na gníomhaíochtaí sin ná straitéis uaillmhianach chun fís Fiosrú a bhaint amach; formhaoirsiú neamhspleách, inrochtana agus éifeachtach a dhéanamh ar an bpóilíneacht a mbeidh iontaoibh agus muinín ag an bpobal, ag an Oireachtas agus ag gardaí as.

Foilsíodh Ráiteas Straitéise 2026-2028 agus tá obair ar bun chun na trí chuspóir straitéiseacha ann a bhaint amach, is iad sin: 1) tuiscint an phobail ar ról Fiosrú a fheabhsú; 2) plé le gearáin ar bhealach tráthúil, éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom; agus 3) muinín as na próisis chun gearáin a réiteach agus as ár n-imscrúduithe a chur chun cinn.

Tá athrú suntasach curtha ar thimpeallacht oibriúcháin Fiosrú maidir lenár rialachas, cumhachtaí agus neamhspleáchas, lena n-áirítear an neamhspleáchas airgeadais níos mó atá againn ós rud é gur chomhlacht a bhfuil vóta aige é Fiosrú, arna mhaoiniú go díreach ón Oireachtas.

Mar POF, is Oifigeach Cuntasaíochta Fiosrú mé, agus tugaim cuntas don Oireachtas trí Choiste na Dála um Chuntais Phoiblí. D'oibrigh an fhoireann go díograiseach sa tréimhse tuairiscithe chun aistriú réidh na heagraíochta chuig Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais an Rialtais a chinntiú, agus rinneadh dlúthmhonatóireacht ar gach próiseas.

Rinneadh roinnt mhaith earcaíochta le linn na bliana chun folúntais foirne a bhí ann le fada a líonadh agus chun an líon foirne inár n-oifigí i gCorcaigh a ardú. Éascaíodh é sin mar gheall go bhfuil a cheadúnas earcaíochta féin ag Fiosrú anois, rud a d'fheabhsaigh ár gcumas acmhainní a fháil don eagraíocht ar gach leibhéal.

Tá imscrúdú ardchaighdeáin agus neamhspleách ar ghearáin ag brath ar bhaill foirne atá dea-oilte agus inniúil. D'úsáid Fiosrú acmhainní suntasacha le linn na tréimhse tuairiscithe lena chinntiú go gcomhlíonfaidh ár seirbhísí ionchais dhlisteanacha reachtóirí agus an phobail.

Chuir ár nAonad Foghlama agus Forbartha feabhas leanúnach ar thacaíochtaí inmheánacha agus ar dheiseanna forbartha don fhoireann le cláir shaincheaptha acadúla agus cheannaireachta, chomh maith le roinnt mhaith gníomhaíochtaí foghlama eile, idir chinn fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Áirítear orthu sin cúrsa nua do bhaill foirne mar chuid de Theastas Iarchéime uathúil i bhFormhaoirsiú ar Fhorfheidhmiú an Dlí a sholáthair Ollscoil Luimnigh do Fiosrú.

Lean an Fhoireann Ghlas de bheith ag obair go crua lena chinntiú go gcomhlíonfaimid na ceanglais atá orainn maidir le gníomhú ar son na haeráide.

D'oibrigh baill foirne sinsearacha le saineolaithe ar chearta an duine chun Creat tiomnaithe um Chearta an Duine agus uirlis scagthástála a chruthú, le húsáid ag na baill foirne go léir i ngach ceann dá bhfeidhmeanna mar chuid dár ngealltanas chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir lenár nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh.

Go hinmheánach, chaitheamar go leor am agus dua chun ár luachanna a fhorbairt agus a leabú san eagraíocht. Chuireamar fáilte roimh chohórt suntasach ball foirne nua, agus ba é 183 an líon ball foirne ag deireadh na bliana.

Is iad ár ndaoine cúis ár ratha ag Fiosrú, agus táimid buíoch díobh as a dtiomantas agus as a gcuid oibre crua in 2025, a léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo.



**Sheila McClelland**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Súil Siar ar 2025

## Tús Nua

**2 AIBREÁN 2025**

**BUNAÍODH FIOSRÚ**

CEAPADH AN CHÉAD OMBUDSMAN PÓILÍNEACHTA D'ÉIRINN

BUNAÍODH BORD FEIDHMIÚCHÁIN FIOSRÚ

## Feasacht agus For-Rochtain

AN CHÉAD TUARASCÁIL TAIGHDE

*TEAGMHAIS BHÁIS & DÍOBHÁLA TROMCHÚISÍ 2024*

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AR AN RÁITEAS STRAITÉISE

SUÍOMH GRÉASÁIN NUA

## Foghlaim agus Forbairt

**50** BALL FOIRNE CLÁRAITHE DON *TEASTAS IARCHÉIME SAINCHEAPTHA I BHFORMHAOIRSIÚ AR FHORFHEIDHMIÚ AN DLÍ* OLLSCOIL LUIMNIGH

**207** SEISIÚN OILIÚNA FOIRNE +18%

## Gearáin agus Imscrúduithe

**2,706** GEARÁN ÓN BPOBAL

**717** GEARÁN AR LEIBHÉAL SEIRBHÍSE SEOLTA LENA RÉITEACH AG AN NGARDA

**30** TARCHUR ÓN NGARDA - TEAGMHAIS THROMCHÚISEACHA LENA NIMSCRÚDÚ

**132** CÁS INAR SAINAITHNÍODH SÁRÚ FÉIDEARTHA AR ARAÍONACHT

**61** COMHAD FIOSRÚ SEOLTA CHUIG AN DPP

**15** IONCHÚISEAMH ORDAITHE AG AN DPP

# Maidir le Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta


| | |
|---|---|
| Bliain de Bhunathrú agus Fuinneamh | 9 |
| Nuacht - Cumhachtaí Níos Fairsinge ag Fiosrú | 10 |
| Ár bhFís, Misean agus Luachanna | 12 |
| Forbairt an Ráitis Straitéisigh | 13 |
| Ár bhFeidhmeanna | 14 |
| Láimhseáil Gearán Feabhsaithe | 21 |

# Bliain de Bhunathrú agus Fuinneamh



*'Inquiry' an Béarla ar fhiosrú*

Bunaíodh Fiosrú – Oifig an Ombudsman Póilíneachta – an 2 Aibreán 2025 le tosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (an tAcht PSSP). Aisghaireadh Acht an Gharda Síochána, 2005 leis an Acht PSSP.

An lá céanna, cheap an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn Emily Logan ina céad Ombudsman Póilíneachta d'Éirinn ag searmanas in Áras an Uachtaráin.

Tá Fiosrú faoi stiúir an Ombudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty, a cheap an tUachtarán an 15 Meán Fómhair 2025. Is í Sheila McClelland, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fiosrú, Oifigeach Cuntasaíochta na heagraíochta, agus ceapadh í i mí an Mheithimh 2024.

Tá an tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta neamhspleách agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu agus tuairiscíonn siad go díreach chuig an Oireachtas.

Is iad cuspóirí reachtúla Fiosrú:

- muinín an phobail as na próisis chun gearáin a dhéanann daoine den phobal agus as imscrúduithe a chur chun cinn ;
- feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar ról agus feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta, agus
- a chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta ar bhealach tráthúil, éifeachtúil agus éifeachtach agus i gcomhréir le nósanna imeachta cothroma.

## An tAistriú chuig Fiosrú

Tá sainchúram agus cumhachtaí níos leithne ag Fiosrú, agus neamhspleáchas mar fhoras. Tá sé ag leanúint den obair thábhachtach a rinne a réamhtheachtaí Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC).

Ón gcéad lá, bhí Fiosrú i mbun feidhme go hiomlán agus oscailte le haghaidh gnó.

Ba í an obair a rinneadh sa chéim dhomhain pleanála, lenar leagadh síos an bunús don eagraíocht athchóirithe, ba chúis leis an aistriú réidh agus rathúil ó GSOC go Fiosrú.

Sainaithníodh scála an dúshláin sa chéim pleanála, agus aimsíodh 316 tasc ríthábhachta a bhí le cur i gcrích mar chuid den chlár aistrithe. Bhí an obair thábhachtach agus mhionsonraithe sin sa bhreis ar ghnáthleibhéil seirbhíse agus gnáth-ghníomhaíochtaí gnó GSOC a choinneáil ar bun.

Cuireadh 312 as an 316 tasc ríthábhachtacha a aimsíodh i gcrích in am – beagnach 99% den líon iomlán tascanna. Bhí na ceithre cinn a bhí fanta ar bun agus iad ag brath ar thosca seachtracha a d'fhág nárbh fhéidir iad a chur i gcrích roimh thosach feidhme Fiosrú.

## Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta

Leagtar amach feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta san Acht PSSP. Déanann an tOmbudsman Póilíneachta na feidhmeanna sin a tharmligean chuig oifigigh Oifig an Ombudsman Póilíneachta. Déantar tagairt sa tuarascáil seo do Fiosrú agus d'Oifig an Ombudsman Póilíneachta, a dhéanann feidhmeanna reachtúla an Ombudsman Póilíneachta.

# Nuacht - Cumhachtaí Níos Fairsinge ag Fiosrú

Tá bunú Fiosrú in Aibreán 2025 mar chuid d'athruithe reachtúla níos leithne ar phóilíneacht agus sábháilteacht an phobail in Éirinn faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (Acht PSSP). Bhí éifeacht dhearfach ag na hathruithe sin ar struchtúr formhaoirsiúcháin na póilíneachta in Éirinn, i gcomhréir le fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, a chuir a chuid oibre i gcrích in 2018.

Mhéadaigh an tAcht PSSP cumhachtaí agus neamhspleáchas Fiosrú mar ghníomhaireacht formhaoirsiúcháin na póilíneachta ar na bealaí seo a leanas:

## Struchtúr Nua Ceannaireachta

Tá Fiosrú faoi stiúir Ombudsman Póilíneachta amháin, agus tá Leas-Ombudsman Póilíneachta agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ann, in ionad na dtrí Choimisinéirí a bhí ag GSOC.

## Neamhspleáchas Airgeadais

Faigheann Fiosrú maoiniú go díreach ón Oireachtas. Is í an POF an tOifigeach Cuntasaíochta, agus tugann sí cuntas don Oireachtas tríd an gCoiste um Chuntais Phoiblí. Roimhe seo, maoiníodh GSOC le caiteachas vótáilte na Roinne Dlí agus Cirt.

## Láimhseáil Gearán Chuíchóirithe

Seoltar gach gearán ón bpobal faoi ghardaí chuig Fiosrú go huathoibríoch anois, chun an gníomh nach mór a dhéanamh a chinneadh.

## Fiosruithe chun níos mó Faisnéise a Bhailiú ag Céim Luath den Ghearán

Tá foireann láimhseála gearán Fiosrú in ann fiosruithe a dhéanamh agus tuilleadh faisnéise a lorg anois, faisnéis a d'fhéadfadh a bheith de dhíth le go ndéanfaidh siad cinneadh faoi cibé an bhfuil an gearán ina ghearán a fhéadfaidh Fiosrú plé leis (an bhfuil sé inghlactha).

## Bealach Réitithe do Ghearáin ar Leibhéal Seirbhíse

Maidir le gearán inghlactha, cinneann Fiosrú ar dtús ar cheart gearán a tharchur chuig an nGarda Síochána lena réiteach nó ar chóir don Ombudsman Póilíneachta imscrúdú coiriúil nó neamhchoiriúil a dhéanamh dá dheasca. Bíonn saincheisteanna ar leibhéal seirbhíse nó bainistiú feidhmíochta i gceist leis na gearáin a tharchuirtear chuig an nGarda Síochána lena réiteach. Leis an tsamhail chomhréireach sin, éascaítear réiteach luath ar ghearáin oiriúnacha. Tá 18 catagóir ghearáin a mheastar a bheith oiriúnach lena réiteach. Áirítear orthu sin, mar shampla, garda a bheith míchúirtéiseach le duine den phobal nó gan ábhar a thaifeadadh ar chóras Pulse an Gharda. Mhol an tOmbudsman Póilíneachta na catagóirí gearán a mheastar a bheith oiriúnach lena réiteach tar éis chomhairliúchán le Coimisinéir an Gharda. D'fhormheas an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an liosta catagóirí an 7 Aibreán 2025. Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta leasuithe ar an liosta formheasta sin a mholadh tar éis chomhairliúchán le Coimisinéir an Gharda.

## An Ceart chun Athbhreithniú ag Gearánaigh

Tá sé de cheart ag gearánaigh anois athbhreithniú ar chinneadh Fiosrú faoina ngearán a iarraidh, sa chás gur chinneadh é a bheith neamh-inghlactha, nó sa chás gur scoireadh d'imscrúdú ar an ngearán. Déanfaidh an t-athbhreithneoir, atá neamhspleách ón duine a rinne an chéad chinneadh, athbhreithniú ar an ngearán agus ar an gcéad chinneadh, agus measfaidh sé nó sí an raibh an chéad chinneadh cothrom, réasúnach agus comhréireach.

## Raon Feidhme Méadaithe Imscrúduithe Fiosrú ar Theagmhais Thromchúiseacha

Faigheann Fiosrú tarchuir éigeantacha ón nGarda Síochána i gcás go ndealraítear go bhféadfadh sé gur tharla bás duine, nó díobháil thromchúiseach do dhuine, de dheasca iompar garda nó gardaí. Caithfidh Fiosrú gach tarchur den sórt sin a imscrúdú.

Méadaíodh raon feidhme imscrúduithe Fiosrú ar theagmhais den sórt sin ón 2 Aibreán 2025. Rinneadh sé sin mar gheall gur leathnaíodh an sainmhíniú reachtúil ar "dhíobháil thromchúiseach" go dtí níos mó ná gortuithe fisiciúla is cúis le máchailiú nó luaineacht a chailleadh nó a lagú go substaintiúil. Áirítear le díobháil thromchúiseach anois teagmhas a fhágann gur íospartach ciona ghnéasaigh duine nó gur íospartach mí-úsáide cumhachta chun críche gnéasaí é nó í. Ciallaíonn mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí aon iompraíocht ag garda lena mbaintear leas as a phost nó as a post chun mí-úsáid a bhaint as a phost nó as a post, as an údarás nó as na cumhachtaí atá aige nó aici chun críche gnéasaí nó chun caidreamh mothúchánach míchóir a bheith aige nó aici le haon duine eile.

Déanann An Garda Síochána teagmhais thromchúiseacha den sórt sin a tharchur chuig Fiosrú ionas go bhféadfaidh an pobal a bheith muiníneach go bhfuil neamhspleáchas sna himscrúduithe sin. Ní gá go gciallaíonn tarchur go bhfuil éagóir curtha i leith gardaí. Déanann Fiosrú imscrúdú neamhspleách ar an teagmhas lena chinneadh cibé ar chuir iompar garda nó gardaí le bás duine den phobal nó le díobháil thromchúiseach do dhuine den phobal.

## Fógraí faoi Theagmhais is Ábhar Imní á dtabhairt ag Gardaí do Fiosrú

Den chéad uair, faigheann Fiosrú fógraí éigeantacha ó Choimisinéir an Gharda faoi iompar gardaí nach bhfuil mar ábhar i ngearán ón bpobal nó i dtarchur ón nGarda cheana féin. Caithfidh Coimisinéir an Gharda fógra a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta anois maidir le "teagmhas is ábhar imní" tar éis dó a theacht ar an eolas go mb'fhéidir go ndearna garda nó gardaí cion nó é féin nó í féin a iompar ar mhodh arb ionann é agus "mí-iompar infhógartha". Is é mí-iompar infhógartha iompar a d'fhágfadh go mbeadh bonn cirt le himeachtaí iompair a thionscnamh. Tá sé de lánrogha an Ombudsman Póilíneachta ansin raon gníomhartha a dhéanamh nó a chinneadh nach bhfuil gá le gníomh breise. Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta a cheangal ar Choimisinéir an Gharda nuashonruithe ar aon imscrúdú ag an nGarda a chur ar fáil, nó mionsonraithe faoi aon imscrúdú. Nó, féadfaidh Fiosrú tús a chur lena imscrúdú féin ar theagmhas is ábhar imní i gcás ina líomhnaítear cionta coiriúla. Ní chuireann fógra faoi theagmhas is ábhar imní chuig Fiosrú cosc ar an nGarda Síochána gníomh dleathach a dhéanamh chun cionta nó sáruithe ar iompar gairmiúil a chosc, nó chun imscrúduithe coiriúla/imeachtaí iompair a dhéanamh maidir leis an teagmhas is ábhar imní.

Leathnaíonn na fógraí sin raon feidhme formhaoirsiúcháin Fiosrú, agus tugann siad níos mó léargas don Ombudsman Póilíneachta.

Féadfaidh fógraí raon leathan cineálacha teagmhas a chuimsiú. Áirítear orthu sin foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe (agus mainneachtain foréigean den sórt sin a imscrúdú), tiomáint faoi thionchar meiscigh nó úsáid fornirt iomarcaigh.

## An Chumhacht chun Moltaí Córasacha a Dhéanamh

Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta moltaí reachtúla a dhéanamh anois de bhun imscrúduithe i gcás ina bhfuil imní uirthi faoi chleachtais, beartais nó nósanna imeachta an Gharda Síochána, nó faoi aon saincheisteanna ginearálta nó córasacha a bhaineann leis an nGarda Síochána. Caithfidh Coimisinéir an Gharda fógra a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta faoi aon ghníomh atá le déanamh mar fhreagra ar mholtaí agus cúiseanna leis na freagraí a thabhairt más ann dóibh.

## Sainordú chun Treochtaí agus Patrúin an Shainaithint

Tá sainordú reachtúil ag Fiosrú chun taighde agus anailís a dhéanamh chun treochtaí agus patrúin a eascraíonn as feidhmiú feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a shainaithint.



# Ár bhFís, Misean agus Luachanna

Tháinig foireann Fiosrú le chéile ag sraith ceardlann in 2025 chun luachanna na heagraíochta a chur in iúl agus a chomhaontú agus ba chor cinniúnach é sin dúinn mar eagraíocht a bhfuil bunathrú déanta uirthi.

Lenár luachanna, leagtar amach an caighdeán dár gcultúr agus dár n-iompar, chomh maith leis an gcaoi a mbainimid amach ár bhfís, is é sin go mbeidh formhaoirsiú na póilíneachta in Éirinn éifeachtach agus iontaofa.

## Fís

Formhaoirsiú neamhspleách, inrochtana agus éifeachtach ar an bpóilíneacht a mbeidh iontaoibh agus muinín ag an bpobal, ag an Oireachtas agus ag na Gardaí as.

## Misean

Formhaoirsiú neamhspleách ar an bpóilíneacht a dhéanamh a bheidh inrochtana do chách agus a mbeidh muinín ag an bpobal as, trí imscrúduithe ardchaighdeáin atá tráthúil, éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom.

## Luachanna

**Neamhspleáchas**
Déanfaimid ár bhfeidhmeanna ar bhealach atá saor ó thionchar daoine eile. Beimid neamhspleách agus fianaise á bailiú againn, beimid neamhspleách agus anailís á déanamh ar an bhfianaise sin, beimid neamhspleách agus cinnteoireacht faoi threoir fianaise á déanamh againn, agus beimid neamhspleách inár dtuairisciú.

**Neamhchlaontacht**
Gníomhóimid ar bhealach cothromaithe, neamhchlaonta agus ár bhfeidhmeanna reachtúla á ndéanamh againn.

**Ionracas**
Gníomhóimid go macánta, go heiticiúil agus go cothrom, agus cloífimid leis na caighdeáin iompair is airde i gcomhréir lenár gCód Eitice agus le Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

**Iontaofa**
Cothóimid muinín as ár gcuid oibre trí ardchaighdeáin ghairmiúla agus ardcháilíocht ár gcuid oibre.

# Forbairt an Ráitis Straitéisigh

Rinne Fiosrú próiseas fairsing comhairliúcháin chun an chéad Ráiteas Straitéise a fhorbairt don tréimhse 2026 go 2028, an dá bhliain sin san áireamh. Bhí comhairliúchán ceithre chéim le páirtithe leasmhara i gceist le forbairt an Ráitis Straitéisigh chun léargais thábhachtacha a fháil ar ról amach anseo, cuspóir agus éifeachtacht an fhormhaoirsiúcháin shibhialta ar an bpóilíneacht in Éirinn.



## Céim 1
## Bailiú faisnéis agus anailís ar shonraí

Rinneadh suirbhé ar líne i mí Feabhra 2025 ar shampla ionadaíoch de 1,000 duine fásta inar scrúdaíodh meonta agus tuairimí an phobail faoin gcomhlacht a bhí ann sular tháinig Fiosrú i bhfeidhm, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

## Céim 2
## Comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus baill foirne

Roinn príomh-pháirtithe leasmhara seachtracha a gcuid ama agus tuairimí le Fiosrú, ina measc ionadaithe ó ghníomhaireachtaí ceartais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, gairmithe póilíneachta agus comhlachtaí eile san earnáil phoiblí agus forais formhaoirsiúcháin. Scrúdaíodh tosaíochtaí, dúshláin agus na deiseanna atá ag teacht chun cinn do Fiosrú sna seisiúin sin. Ghlac baill foirne ar gach leibhéal agus as gach rannóg den eagraíocht páirt sa chéim chomhairliúcháin. Rinneadh suirbhé ar líne agus tionóladh lá don fhoireann go léir i mí an Mhárta 2025, chomh maith le himeacht comhairliúcháin ar líne.

## Céim 3
## Comhairliúchán poiblí reachtúil ar an dréacht-Straitéis

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí oscailte ar feadh ceithre seachtaine, agus bhí suirbhé ar shuíomh gréasáin Fiosrú i rith shamhradh 2025. Iarraidh a dtuairimí faoin dréacht-Ráiteas Straitéise ó úsáideoirí seirbhísí, an pobal i gcoitinne, grúpaí abhcóideachta agus comhlachtaí poiblí.

## Céim 4
## Ceardlanna don fhoireann faoi luachanna beartaithe

Ghlac an fhoireann páirt i gceardlanna eile i mí na Samhna 2025 a reáchtáladh chun tuairimí a fháil faoi luachanna beartaithe Fiosrú agus faoin méid a raibh siad ag teacht le cultúr, cleachtas agus uaillmhian na heagraíochta.

Le linn a forbartha, rinneadh athbhreithniú leanúnach ar an Ráiteas Straitéise agus pléadh é ag roinnt cruinnithe de Choiste Iniúchta agus Riosca Fiosrú, den Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí agus den Bhord Feidhmiúcháin. D'fhormheas Bord Feidhmiúcháin Fiosrú dréacht deiridh den Ráiteas Straitéise i mí na Nollag 2025.

Cuireadh Ráiteas Straitéise Fiosrú 2026-2028 ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i mí Feabhra 2026. Cuireadh an Ráiteas Straitéise faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas i mí Feabhra 2026 agus d'fhoilsigh Fiosrú é i mí an Mhárta 2026.

# Ár bhFeidhmeanna

## Gearáin, Tarchuir agus Fógraí

Is é príomhaidhm Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta, déileáil le gearáin a bhaineann le gardaí ó dhaoine den phobal. Baineann formhór mór na gcásanna a láimhseálann Fiosrú i mbliain ar bith le gearáin ón bpobal.

Déanann an tOmbudsman Póilíneachta na nithe seo freisin:

- Déanann sé nó sí imscrúduithe go huathoibríoch ar theagmhais thromchúiseacha i gcás ina bhfaigheann Fiosrú tarchuir éigeantacha ón nGarda Síochána. Faigheann Fiosrú 30-40 tarchur den sórt sin ón nGarda gach bliain.
- Féadfaidh sé nó sí raon gníomhartha a dhéanamh de bhun fógraí ón nGarda Síochána faoi “theagmhais is ábhar imní” a bhaineann le gardaí, fógraí nach gearáin ná tarchuir ón nGarda iad. Déantar fógra nuair a líomhnaítear go mb’fhéidir go ndearna garda nó gardaí cion nó é féin nó í féin a iompar ar mhodh a d’fhágfadh go mbeadh bonn cirt le himeachtaí iompair a thionscnamh ag Coimisinéir an Gharda. Is cumhacht nua í seo faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.
- Tá an chumhacht aici imscrúdú a thionscnamh ar aon ní ar dealraitheach di gur “cúis imní iomchuí” é agus gurb é leas an phobail é, gan ghearán nó fógra a bheith faighte aige nó aici. Déantar scrúdú ar aon ábhar imní go mb’fhéidir go ndearna garda cion nó é féin nó í féin a iompar ar mhodh a d’fhágfadh go mbeadh bonn cirt le himeachtaí iompair a thionscnamh.
- Féadfaidh an tAire aon ní is cúis imní iomchuí é agus is leas an phobail é a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta. Ní dhearnadh aon tarchur den sórt sin le linn na tréimhse tuairiscithe seo.

Tá tuilleadh mionsonraí faoin gcaoi a bpléann Fiosrú le gearáin ón bpobal agus faoi tharchuir agus fógraí ó na Gardaí leagtha amach thíos.

## An Próiseas um Ghearáin ón bPobal

Déileálann Fiosrú le gearáin faoi ghardaí ó dhaoine den phobal. Féadfaidh an t-iompar is cúis le gearán bheith ina ghníomh nó neamhghníomh – is é sin rud éigin a rinne garda nó ar mhainnigh garda a dhéanamh. Bíonn torthaí éagsúla ar ghearáin ón bpobal ag brath ar chineál an ghearáin. An chéad chéim ná go ndéanann Fiosrú cinneadh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil gearán inghlactha nó neamh-inghlactha. Dúntar gearáin neamh-inghlactha ag an gcéim luath seo, cé go bhféadfaidh gearánaigh athbhreithniú a lorg.

Más rud éigin atá Fiosrú in ann déileáil leis atá sa ghearán (inghlactha), an chéad chéim eile ná go ndéanann Fiosrú cinneadh i dtaobh an ceart go d’fhoireann imscrúdaithe Fiosrú imscrúdú neamhspleách air nó an ceart é a sheoladh chuig an nGarda Síochána lena réiteach.

## Gearáin ón bPobal a Réiteach

Is gearáin ar leibhéal seirbhíse nó gearáin faoi bhainistiú feidhmíochta iad gearáin a bpléann an tOmbudsman Póilíneachta leo mar ghearáin atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda.

Tá 18 catagóir fhormheasta gearán atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda, ó gharda a bheith míchúirtéiseach le duine den phobal go dtí gan ábhar a thaifeadadh ar chóras Pulse an Gharda. Tá an liosta catagóirí gearán atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána formheasta ag an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta leasuithe ar an liosta formheasta sin a mholadh tar éis chomhairliúchán le Coimisinéir an Gharda.

Ar ghearán a tharchur chuig an nGarda Síochána lena réiteach, níl aon ról ag Fiosrú a thuilleadh sa tslí a ndéantar an gearán a réiteach. Mar sin féin, más rud é, agus gearán á láimhseáil aige, go measann An Garda Síochána nach bhfuil sé oiriúnach lena réiteach mar gheall ar chineál nó tromaíocht an ghearáin, féadfaidh sé, le ceadú an Ombudsman Póilíneachta, an gearán a tharchur ar ais chuig Fiosrú lena imscrúdú. Go dtí seo, níor tarchuireadh ach líon beag gearán ar ais chuig Fiosrú lena n-imscrúdú.

Faigheann Fiosrú nuashonruithe tráthrialta ón nGarda Síochána faoi ghearáin a tharchuir sé lena réiteach. Tugann siad sin mionsonraí faoi cibé an bhfuil an réiteach fós ar siúl nó tugtha chun críche, agus faoi na torthaí i dtaobh gearáin a réitíodh, a dúnadh ar chúiseanna eile nó a tarchuireadh ar ais chuig Fiosrú. I gcás ina réitítear gearán ag céim an réitithe, áirítear ar ghnáth-thorthaí do ghearánaigh, mínithe ón nGarda, dearbhuithe, faisnéis nó leithscéalta, agus treoir nó oiliúint a sholáthar do ghardaí a ndearnadh gearáin ina gcoinne.

## Imscrúduithe agus Torthaí

Féadfaidh imscrúduithe Fiosrú a bheith de chineál coiriúil nó neamhchoiriúil. Tugtar imscrúdú hibride ar imscrúdú ar ábhair choiriúla agus neamhchoiriúla araon. Déantar fiosrú ar líomhaintí faoi mhí-iompar ag Gardaí le himscrúduithe neamhchoiriúla. Déantar fiosrú ar chionta coiriúla líomhnaithe le himscrúduithe coiriúla. In imscrúdú coiriúil, bíonn cumhachtaí póilíneachta iomlána ag imscrúdaitheoirí Fiosrú, atá comhionann leis na cumhachtaí, na díolúintí agus na pribhléidí go léir a thugtar do chomhalta den Gharda Síochán. Féadfaidh na nithe a leanas a bheith i gceist le Torthaí Imscrúduithe:

- **Moladh do Choimisinéir an Gharda imeachtaí iompair a thionscnamh:** I gcás ina bhfaigheann imscrúdú Fiosrú go mb'fhéidir gurbh ionann iompar garda agus sárú araíonachta, nó sárú ar na Rialacháin um Chaighdeáin Iompraíochta Gairmiúla 2025, seolann sé tuarascáil agus moltaí chuig Coimisinéir an Gharda.

  D'fhéadfadh sé go mbeadh mar thoradh air sin go dtionscnófaí imeachtaí iompair i gcoinne an gharda, nó imeachtaí feidhmíochta nó aon imeachtaí eile a úsáidtear sa Gharda Síochána chun plé le feidhmíocht mhíshásúil. Tá raon torthaí ar fáil do Choimisinéir an Gharda, ina measc garda a chur ar phlean feidhmíochta nó smachtbhanna a fhorchur, mar shampla dífhostú, rabhadh, nó laghdú ar phá. Is faoi Choimisinéir an Gharda amháin é an cinneadh i dtaobh gníomh a dhéanamh de bhun thuarascáil Fiosrú.

- **Comhad um imscrúdú coiriúil a sheoladh chuig an DPP le haghaidh ionchúisimh fhéideartha:** I gcás ina bhfaigheann imscrúdú Fiosrú go mb'fhéidir go ndearna garda cion coiriúil, ní mór dó a chomhad imscrúdaithe a sheoladh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Is faoin DPP amháin é a chinneadh ansin cibé an ordófar ionchúiseamh agus cad iad na cúisimh atá le hordú. Maidir le cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach sin, is féidir cúisimh a thriail go hachomair (sa Chúirt Dúiche). Maidir le cionta níos tromchúisí, déantar cúisimh a thriail ar díotáil (sa Chúirt Chuarda nó sa Phríomh-Chúirt Choiriúil). I gcás ina gcinneann an DPP nár cheart ionchúiseamh a dhéanamh de bhun chomhad imscrúdaithe a chur Fiosrú ar aghaidh, is é Fiosrú atá freagrach as cinneadh an DPP a chur in iúl do na páirtithe ábhartha. Cuireann Fiosrú in iúl don ghearánach (nó do dhuine muinteartha i gcás inar bhásaigh duine) go bhféadfaidh siad cúiseanna a iarraidh ar an DPP nó a iarraidh ar an DPP athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

- **Imscrúdú a Scor:** Féadfaidh Fiosrú imscrúdú ar ghearán a scor ar raon cúiseanna a leagtar amach i reacht. Mar shampla, féadtar imscrúdú a scor má chreidtear go bhfuil an gearán suaibhreosach, cráiteach nó go ndearnadh é de mheon mímhacánta. Féadtar é a scor freisin má scaoileann an gearánach den phróiseas imscrúdú, nó má mheastar nach bhfuil imscrúdú breise riachtanach, indéanta le réasún ná comhréireach. Nuair a dhéantar cinneadh chun imscrúdú a scor, cuirtear é sin in iúl don ghearánach agus tá an ceart aige nó aici athbhreithniú ar an gcinneadh sin a iarraidh.

- **Imscrúdú a Dhúnadh:** I gcás ina ndúntar imscrúdú Fiosrú, ní dhéanfar aon ghníomh breise. Féadtar imscrúdú a chur i gcrích agus a dhúnadh ar raon cúiseanna reachtúla éagsúla. Mar shampla, féadtar gearán a dhúnadh i gcás ina gcinntear le fiosruithe ábhartha nach ndearnadh aon chion coiriúil ná mí-iompar.

## Ceart chun Athbhreithniú

Féadfaidh gearánaigh athbhreithniú ar chinneadh Fiosrú a iarraidh má cuireadh na nithe a leanas in iúl dóibh:

- Meastar go bhfuil a ngearán neamh-inghlactha (nach ceann a bhfuilimid in ann glacadh leis ar chúiseanna éagsúla); nó
- Tá an t-imscrúdú ar a ngearán á scor.

Ní mór do ghearánaigh athbhreithniú a iarraidh laistigh de 28 lá ón dáta a chuirtear an cinneadh in iúl dóibh.

Tá an t-athbhreithneoir neamhspleách ar an déantóir cinnidh bunaidh. Déanann sé nó sí breithniú ar an ngearán agus ar an gcinneadh bunaidh, agus measann sé nó sí cibé an raibh an cinneadh bunaidh cothrom, réasúnach agus comhréireach. Tar éis an athbhreithnithe, féadfaidh Fiosrú seasamh leis an gcinneadh bunaidh, é a aisiompú nó é a aisiompú go páirteach.

## Tarchuir ón nGarda - Teagmhais inar tharla Bás nó Díobháil Thromchúiseach

Faigheann Fiosrú tarchuir éigeantacha ón nGarda Síochána más dealraitheach do Choimisinéir an Gharda go bhféadfadh sé gur tharla bás duine, nó díobháil thromchúiseach do dhuine den phobal, de dheasca iompar garda (gníomh nó neamhghníomh). Áirítear leis an sainmhíniú reachtúil ar "dhíobháil thromchúiseach" gortuithe fisiciúla is cúis le máchailiú nó luaineacht a chailleadh nó a lagú go substaintiúil. Ón 2 Aibreán 2025 i leith, áirítear ann freisin teagmhas a fhágann gur íospartach ciona ghnéasaigh duine nó gur íospartach mí-úsáide cumhachta chun críche gnéasaí é nó í.

Ní gá go gciallaíonn tarchur go bhfuil éagóir curtha i leith gardaí. Ciallaíonn sé gur chóir do Fiosrú an teagmhas a imscrúdú go neamhspleách lena chinneadh cibé an bhféadfadh sé gur tharla bás duine den phobal, nó díobháil thromchúiseach do dhuine den phobal, de dheasca gníomh nó neamhghníomh.

Déanann Fiosrú teagmhais as a leanann tarchuir ón nGarda a dheighilt ina sé chatagóir a thagann leis na cinn a úsáideann comhlachtaí formhaoirsiúcháin póilíneachta eile. Is iad sin: teagmhais tráchta ar bhóthar; bás nó díobháil thromchúiseach agus duine faoi choimeád an Gharda nó ina dhiaidh sin; féinmharú dealraitheach nó iarracht ar fhéinmharú; bás nó díobháil thromchúiseach tar éis teagmháil le Garda; cion gnéasach líomhnaithe(mar a shainmhínítear faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2001) nó mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí; agus lámhach marfach nó neamh-mharfach.

Ní mór do Fiosrú agus don Gharda Síochána, mar ghníomhaithe Stáit, cloí le hAirteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ina sloinntear go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo.

Chun cloí le hAirteagal 2, ba cheart do na próisis dhlíthiúla i gcás básanna tar éis teagmháil le garda cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad sin: neamhspleáchas, éifeachtacht, tráthúlacht, iniúchadh ag an bpobal agus rannpháirtíocht teaghlaigh.

Ní mór do Fiosrú imscrúdú a dhéanamh ar gach tarchur maidir le bás nó díobháil thromchúiseach ón nGarda Síochána. Tá an raon torthaí féideartha ar na himscrúduithe sin mar an gcéanna leis na cinn maidir le himscrúduithe ar ghearáin ón bpobal.

## Nithe a Imscrúdú ar mhaithe le Leas an Phobail

Tá de chumhacht ag an Ombudsman Póilíneachta imscrúdú a dhéanamh ar ní ar bith ar dealraitheach di gur "cúis imní iomchuí" é, fiú amháin mura bhfuil gearán nó fógra ón nGarda faighte aici. Agus an cinneadh á dhéanamh aici, níl d'oibleagáid ar an Ombudsman Póilíneachta imscrúdú a dhéanamh ach ar nithe a chinneann sí atá chun leas an phobail. Is éard atá i "gcúis imní iomchuí" ná imní go mb'fhéidir go ndearna garda cion nó é féin nó í féin a iompar ar mhodh a d'fhágfadh go mbeadh bonn cirt le himeachtaí iompair.

Ar leithligh ó sin, féadfaidh an tAire aon ní is cúis imní iomchuí agus gurb é leas an phobail é a tharchur chuig an Ombudsman Póilíneachta. Ní dhearnadh aon tarchur den sórt sin le linn na tréimhse tuairiscithe seo.

## Fógraí ón nGarda i dtaobh Teagmhais is ábhar imní

Faigheann an tOmbudsman Póilíneachta fógraí éigeantacha i gcás ina dtagann Coimisinéir an Gharda ar an eolas faoi theagmhas is ábhar imní maidir le garda nach ábhar de ghearán ón bpobal nó de tharchur ón nGarda cheana féin é nó í. Tugtar an fógra i gcás líomhna go mb'fhéidir go ndearna garda nó gardaí cion nó é féin nó í féin a iompar ar mhodh a d'fhágfadh go mbeadh bonn cirt le himeachtaí iompair a thionscnamh ag Coimisinéir an Gharda.

Ar fhógra faoi theagmhas is ábhar imní a fháil, féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:

- A cheangal ar Choimisinéir an Gharda fógra a thabhairt don Ombudsman Póilíneachta maidir le toradh imscrúdú faoi stiúir an Gharda Síochána;
- A cheangal ar Choimisinéir an Gharda an tOmbudsman Póilíneachta a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn ar imscrúdú faoi stiúir an Gharda Síochána, nó tuarascálacha ar imscrúduithe a chur faoina bráid;
- Cinneadh a dhéanamh imscrúdú Fiosrú a thosú, i gcás ina mbaineann an teagmhas le cion coiriúil líomhnaithe;
- A chinneadh nach gá don Ombudsman Póilíneachta aon ghníomh breise a dhéanamh.

I gcás ina gcinneann an tOmbudsman Póilíneachta imscrúdú Fiosrú a thosú, féadtar a ordú do Choimisinéir an Gharda gach eolas agus ábhar faoin teagmhas is ábhar imní a roinnt le Fiosrú.

## Fiosrú agus an tSeirbhís Chróinéara

In imscrúdú ar ghardaí inar tharla bás, tá ról reachtúil ag Fiosrú cuidiú le hobair an chróinéara, ar iarratas ón gcróinéir.

Ceanglaítear ar an gcróinéir le dlí fiosrú a dhéanamh ar chúis raon básanna infhógartha, lena n-áirítear básanna gan choinne, gan mhíniú, foréigneacha nó mínádúrtha.

I gcás nach bhfuil cúis báis duine ar eolas, nó ina bhfuil cúis bás duine foréigneach nó neamhghnách, ordóidh an cróinéir ionchuisne, ar fiosrú dlíthiúil ar an mbás é. Ní mór don chróinéir ionchoisne a dhéanamh i gcás inar tharla an bás agus an duine faoi choimeád an Gharda nó tar éis don duine bheith faoi choimeád an Gharda. Ní fhéadfaidh ach cróinéir ionchoisne a ordú.

Cinneann an cróinéir cé acu Fiosrú nó An Garda Síochána a bheidh mar an bpríomhghníomhaireacht chun fiosrú a dhéanamh ar bhás. I gcás go dtugtar an ról sin do Fiosrú, ullmhaíonn a chuid imscrúdaitheoirí tuarascáil agus comhad. Ina theannta sin, cuidíonn Fiosrú leis an gcróinéir próiseas roghnúcháin an ghiúiré le haghaidh ionchoisní a riar.

I gcás ina bhfuil bás faoi imscrúdú ag Fiosrú, is féidir ionchoisne a oscailt chun bunfhaisnéis a éisteacht, mar shampla céannacht, agus ansin is féidir an t-ionchoisne a chur ar athló go dtí go dtugtar an t-imscrúdú chun críche. Féadfaidh cúisimh choiriúla eascairt as an imscrúdú. Bhí Fiosrú mar phríomhghníomhaireacht i dtrí ionchoisne de chuid an chróinéara sa tréimhse tuairiscithe.



## Gearáin ón bPobal a Réiteach

**GEARÁN ÓN BPOBAL AR LEIBHÉAL SEIRBHÍSE**

**TARCHUIREANN FIOSRÚ GEARÁN LENA RÉITEACH AG AN NGARDA**

Tá 18 catagóir gearáin formheasta mar oiriúnach le seoladh chuig an nGarda Síochána lena réiteach


**TUGTAR AGHAIDH AR AN NGEARÁN**

Déanann Oifigigh Réitithe an Gharda teagmháil leis an ngearánach agus leis an ngarda chun an gearán réiteach oiriúnach a phlé. Féadfaidh an gearánach athbhreithniú ar an gcinneadh a iarraidh.


**NUASHONRÚ ÓN NGARDA CHUIG FIOSRÚ**

Faigheann Fiosrú nuashonruithe rialta ón nGarda Síochána faoi ghearáin a tharchuir sé lena réiteach agus na torthaí orthu.

## Gearáin ón bPobal agus Tarchuir ón nGarda



## Teagmhais is ábhar imní



# Láimhseáil Gearán Feabhsaithe

Thug Fiosrú roinnt tionscnamh suntasach agus nuálach isteach in 2025 chun feabhsuithe a chur ar láimhseáil gearán agus ar eispéiris na ngearánach a úsáideann ár seirbhís. I measc na n-athruithe bhí trí shainaonad a bhunú nó a leathnú, le haghaidh bailiú fianaise agus imscrúduithe. Áirítear ar na baill foirne sna haonaid sin speisialtóirí oilte a bhfuil na hacmhainní acu chun plé le castacht na nithe a thagann chun cinn go minic in imscrúduithe Fiosrú.

## Athbhreithniú Tráthúil agus Anailís Thráthúil ar Fhianaise

Tá aonad tiomnaithe ag Fiosrú anois chun fianaise a bhailiú agus a mheas ag céim luath d'imscrúduithe móra a bhaineann le cionta coiriúla a líomhnaítear a rinne gardaí. Cuireann obair an Aonaid um Athbhreithniú Tráthúil agus Anailís Thráthúil ar Fhianaise (TRACE) ar chumas Fiosrú fianaise a fháil go tapa agus teagmháil a dhéanamh go luath le gearánaigh agus le gardaí, agus imscrúduithe a choinneáil ag imeacht go héifeachtúil dá bharr.

Tugann baill foirne an Aonaid TRACE cuairteanna ar láithreáin, bailíonn siad fianaise agus déanann siad réamhfhiosrúcháin le finnéithe. Déanann imscrúdaitheoirí an Aonaid measúnú ar an bhfianaise thosaigh sin agus déanann siad moltaí inmheánacha go rachaidh cás ar aghaidh lena imscrúdú tuilleadh nó go ndéanfar an t-imscrúdú a dhúnadh nó a scor. Mar is amhlaidh le gach imscrúdú a dhéanann Fiosrú, bíonn caidreamh díreach ag baill foirne Aonad TRACE Fiosrú le gearánaigh, agus coinníonn siad ar an eolas iad ag céimeanna luath an imscrúdaithe faoina bhféadfaidh siad coinne a bheith acu leis agus faoi na cúiseanna le cinntí. Déanann baill foirne Aonad TRACE teagmháil le gardaí a bhfuil gearáin déanta ina gcoinne agus tugann siad aon nuashonrú ábhartha ar an imscrúdú dóibh.

Sa tréimhse tuairiscithe seo, láimhseáil an tAonad TRACE 55% de na cásanna uile a seoladh lena n-imscrúdú. Phléigh TRACE le 279 imscrúdú. Astu sin, seoladh 29 le haghaidh imscrúdú breise agus bhí 161 fós oscailte ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Dhún an tAonad TRACE 89 imscrúdú. Cuidíonn imscrúduithe atá níos éifeachtúla agus níos tráthúla le strus agus éiginnteacht a laghdú do na daoine lena mbaineann, agus tacaíonn siad le torthaí cothroma agus comhréireacha freisin.

## Aonad Sainseirbhísí le haghaidh imscrúduithe DSGBV

Déanann Aonad Sainseirbhísí (SSU) Fiosrú imscrúdú ar theagmhais, lena n-áirítear gearáin ón bpobal, ina gcuirtear i leith garda go ndearna sé nó sí, nó gur mhainnigh sé nó sí imscrúdú a dhéanamh ar, theagmhais lena n-áirítear foréigean baile, smachtú comhéigneach, mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus ionsaí gnéasacha.

Tá Oifigigh Imscrúdaithe an SSU oilte in agallamh a chur ar íospartaigh a d'fhéadfadh a bheith leochaileach. Cinntíonn struchtúr an tsainaonaid gurb iad baill foirne thiomnaithe agus ardoilte atá in ann an tuiscint agus an saineolas iomchuí a úsáid a láimhseálann gearáin den chineál sin.

Tá saoráidí speisialaithe ag oifigí Fiosrú chun agallaimh a chur ar leanaí agus ar dhaoine fásta leochaileacha, agus tá teacht ag Fiosrú ar líonra saoráidí Stáit den sórt sin ar fud na tíre.

Ceapadh an dlíodóir um chearta an duine agus abhcóide, Noeline Blackwell, i mí na Nollag 2025 chun cuidiú le Fiosrú mar shainchomhairleoir ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe (DSGBV). Tá Noeline Blackwell ina hiar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ionad Éigeandála Bhaile Átha Cliath um Éigniú, agus ina comhalta ar fónamh de Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Cuidíonn a saineolas le hobair Fiosrú i dtaobh próisis agus prótacail a bheachtú agus a fheabhsú chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus chun plé le híospartaigh.

Chuir Fiosrú tús le tionscadal forbartha foirne agus seachadta seirbhíse feabhsaithe leis an gcarthanas Women's Aid, a oibríonn chun cosc a chur ar fhoréigean baile agus mí-úsáid, lena n-áirítear smachtú comhéigneach, agus chun dul i ngleic lena dtionchar. Tacaíonn Fiosrú leis an Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (2022-2026) trí fhormhaoirsiú ag an nGarda Síochána a chinntiú i dtaobh shaincheisteanna a bhaineann le DSGBV.

## Imscrúduithe Digiteacha ag Tacú le hImscrúduithe

Cuireann Aonad Imscrúduithe Digiteacha Fiosrú saintacaíocht dhigiteach ar fáil d'imscrúduithe. Tá saineolas ag na speisialtóirí digiteacha san aonad ar bhailiú fianaise agus ar anailís ar shonraí digiteacha ó ghléasanna amhail ceamaraí a chaitear ar an gcorp, fóin póca agus ríomhairí glúine. Baineann obair an aonaid le gléasanna a dhíghlasáil chun fianaise a bhaint díobh, comhaid thruaillithe a atógáil más féidir gur tharla damáiste nó gur ndearnadh iarracht ábhar a scriosadh, agus ábhar a bhféadfadh eagarthóireacht a bheith déanta air, ábhar a gineadh le IS nó ábhar leasaithe a bhrath. Is féidir leis an aonad ábhar fuaime agus físe a bhreisiú, a fhíordheimhniú agus a chaomhnú le haghaidh trialacha agus ionchoisní. Bhí saineolaithe an Aonaid Imscrúduithe Digiteacha rannpháirteach i 29 imscrúdú in 2025.

# Forbhreathnú ar Ghníomhaíochtaí


| | |
|---|---|
| Gearáin a Fuarthas ón bPobal | 23 |
| Torthaí ó Ghearáin ón bPobal | 26 |
| Tarchuir agus Fógraí ó na Gardaí | 28 |
| Torthaí Imscrúduithe | 32 |
| Caingne Dlí tar éis Imscrúduithe Fiosrú | 33 |
| Cás-Staidéir | 34 |

# Gearáin a Fuarthas ón bPobal

Fuair Fiosrú 2,706 gearán sa tréimhse tuairiscithe ón 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025. Cuireann Fiosrú gearáin i gcatagóirí de réir imthosca, bunaithe ar an toisc is forleithne taobh thiar de ghearán.


Ba iad imscrúduithe ag an nGarda ar 720 gearán (27%) na himthosca ba choitianta as ar eascair gearáin sa tréimhse tuairiscithe. Féadfaidh gearáin faoi imscrúduithe ag an nGarda bheith faoi cháilíocht nó tráthúlacht imscrúdaithe, nó na cineálacha fiosraithe a dhéantar.

Bhain gearáin faoi phóilíneacht na mbóithre le 400 (15%) de na gearáin a fuarthas. Féadfaidh siad sin a bheith faoi aon chás maidir le trácht ar bhóthar a raibh baint ag gardaí leis, mar shampla an chaoi ar dhéileáil gardaí le teagmhais tráchta ar bhóthar nó teagmhas inar iarr gardaí ar charr tarraingt isteach.

Taifeadadh gearáin faoi ghabhálacha i 305 gearán (12%). Féadfaidh duine ar gabháladh é nó í nó finné ar ghabháil gearán den sórt sin a dhéanamh.

Bhain na himthosca i 291 gearán (11%) leis an gcaoi ar láimhseáladh glao ar ghardaí agus póilíneacht pobail i 267 gearán (10%). Áirítear sa chatagóir Eile sa chairt 65 gearán inar eascair rannpháirtíocht an Gharda as teagmhas baile, agus ina ndearnadh gearán faoi gharda ina dhiaidh sin. Bhain 41 gearán le ceisteanna nó imní faoi mheabhairshláinte.

## Imthosca na nGearán





Dhéileáil Fiosrú le líon iomlán de 3,924 fiosrú sa tréimhse tuairiscithe. Ní éiríonn gach fiosrú ina ghearán. Sa tréimhse tuairiscithe seo, fuair líne ghearáin Fiosrú 2,366 glao gutháin agus freagraíodh 97% díobh taobh istigh de 60 soicind.


## Scaipeadh Geografach na nGearán

As an 2,706 gearán a fuair Fiosrú sa tréimhse tuairiscithe, bhain an líon ab airde le gardaí i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC). Bheifí ag súil leis sin i bhfianaise an dlúthdhaonra agus an leibhéal gníomhaíochta póilíneachta sa phríomhchathair.

Laistigh de Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, fuarthas 1,098 gearán. Astu sin, bhain 253 le RCBÁC Thuaidh, bhain 236 le RCBÁC Theas-Láir, bhain 199 RCBÁC Thuaidh-Láir agus bhain 189 le RCBÁC Thiar. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, ba iad Cill Dara/Ceatharlach agus Loch Garman/Cill Mhantáin na rannáin den Gharda Síochána ina ndearnadh an líon ab airde gearán i gcoinne gardaí.




### Gearáin a Fuarthas de réir Rannán an Gharda – 2 Aibreán - 31 Nollaig 2025




Ní chláraítear suíomh an teagmhais i ngach gearán agus i roinnt cásanna níorbh fhéidir an suíomh a dhearbhú.

## Líomhaintí i nGearáin Inghlactha

Déantar na gearáin uile a fhaigheann Fiosrú a mheas in aghaidh critéir reachtúla ar dtús lena chinneadh an bhfuil siad inghlactha (rud éigin a fhéadfaimid déileáil leis).

Sa tréimhse tuairiscithe seo, chinn Fiosrú go raibh 1,440 gearán (53%) inghlactha agus go raibh 1,266 (47%) neamh-inghlactha.


As na 1,440 gearáin a rabhamar in ann déileáil leo, chinn Fiosrú go raibh 717 (50%) oiriúnach lena réiteach agus tarchuireadh iad chuig an nGarda Síochána. Ba é 723 (50%) an líon iomlán gearán a chuir Fiosrú ar aghaidh. Féadfaidh imscrúdú aghaidh a thabhairt ar líomhaintí coiriúla nó líomhaintí faoi iompar garda.

Féadfaidh níos mó ná líomhain amháin a bheith i ngearán. I gcomhréir le cleachtas idirnáisiúnta maidir le formhaoirsiúchán póilíneachta, taifeadann Fiosrú líon agus cineál na líomhaintí i ngach gearán a ndéantar imscrúdú air. Sa tréimhse tuairiscithe seo, taifeadadh 1,129 líomhain sna 723 gearán a seoladh chuig Fiosrú lena n-imscrúdú.

Ba iad seo a leanas na cineálacha líomhaintí ba choitianta:

- Mí-úsáid Údaráis i 356 (32%) gearán. Baineann na príomhchineálacha líomhaintí sa chatagóir 'mí-úsáid údaráis' le húsáid fornirt iomarcaigh, nó ordú rud éigin a dhéanamh a chreideann an gearánach nach raibh sé d'údarás ag an nGarda a ordú.
- Cionta Neamh-mharfacha i 268 (24%) gearán. Líomhaintí iad seo faoi chion coiriúil arna liostú san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus áirítear orthu, mar shampla, ionsaí.
- Faillí sa Dualgas i 241 (21%) gearán. Líomhaintí iad seo gur mhainnigh garda gníomh a dhéanamh.

### Líomhaintí i nGearáin




Áirítear sa chatagóir Eile sa chairt damáiste coiriúil, goid agus calaois, idirdhealú agus cionta gnéasacha.

# Gearáin ón bPobal a Réitíodh

## Gearáin a Chinn Fiosrú a bheith Oiriúnach lena Réiteach ag an nGarda


Dhéileáil An Garda Síochána le 717 gearán a bhí le réiteach acu sa tréimhse tuairiscithe. Tarchuireadh na gearáin sin chuig an nGarda Síochána nuair a cinneadh, tar éis measúnú ag Fiosrú, go raibh siad oiriúnach lena réiteach.

Is gearáin ar leibhéal seirbhíse nó gearáin faoi bhainistiú feidhmíochta iad na gearáin a tharchuirtear chuig an nGarda Síochána lena réiteach. Tá 18 catagóir gearán a mheastar a bheith oiriúnach lena réiteach ag an nGarda. Mhol an tOmbudsman Póilíneachta na catagóirí sin tar éis comhairliúchán le Coimisinéir an Gharda, agus d’fhormheas an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an liosta an 7 Aibreán 2025.

Nuair a tharchuireann Fiosrú gearán lena réiteach, is iad An Garda Síochána a láimhseálann é ansin. Ceanglaítear ar Choimisinéir an Gharda tuairisciú don Ombudsman Póilíneachta faoi ghearáin a tharchuirtear lena réiteach. Cuirtear torthaí na ngearán san áireamh sna tuairiscí sin agus is iad an bunús leis na staitisticí sa tuarascáil seo.

Féadfaidh ceisteanna a bhaineann le níos mó ná ceann amháin de na 18 catagóir a bheith i ngearán amháin. Bhí 969 ceist thar na 18 catagóir sna 717 gearáin a tharchuir Fiosrú lena réiteach ag an nGarda Síochána sa tréimhse tuairiscithe. Ba iad sin:

### Catagóirí Gearán a Tarchuireadh lena Réiteach




- 244 (25%) mainneachtain nithe a imscrúdú i gceart, lena n-áirítear, gan a bheith teoranta, damáiste coiriúil, calaois agus imbhuailtí neamh-mharfacha tráchta ar bhóthar.
- 217 (22%) míchúirtéis.
- 198 (20%) mainneachtain freagairt d’iarrataí ar theagmháil agus nuashonruithe a thabhairt, lena n-áirítear iarrataí trí chomhfhreagras scríofa, ríomhphoist, ar an láthair agus glaonna gutháin.
- 95 (10%) feidhmiú éagórach nó éagothrom cumhachtaí an Gharda agus/nó mí-úsáid údaráis agus cumhachtaí nó tionchar an Gharda á bhfeidhmiú.
- 46 (5%) deacrachtaí le maoin phearsanta a fháil ar ais.
- 169 (18%) eile, lena n-áirítear mainneachtain freagairt do theagmhais agus nithe a thaifeadadh ar Pulse.

I gcás ina measann an Garda Síochána nach bhfuil gearán a tarchuireadh chuige oiriúnach lena réiteach mar gheall ar chineál nó tromaíocht an ghearáin, féadfaidh sé, le ceadú an Ombudsman Póilíneachta, an gearán a tharchur ar ais chuig Fiosrú lena imscrúdú. D’fhéadfadh sé sin tarlú mura bhfuil an fhaisnéis iomlán ar fáil do Fiosrú an tráth a chinntear an gearán, nó má tá faisnéis bhreise ag an nGarda Síochána é féin.

Sa tréimhse tuairiscithe, tharchuir Fiosrú 728 gearán chuig an nGarda Síochána lena réiteach. Astu sin, tarchuireadh 12 ar ais chuig Fiosrú lena n-imscrúdú, agus ghlac Fiosrú le 11 díobh lena n-imscrúdú. As na 11 gearán sin, maíodh i seacht gcinn gur mhainnigh gardaí nithe a imscrúdú i gceart nuair a tarchuireadh iad lena réiteach ar dtús.

## Torthaí na Gearán a Seoladh lena Réiteach ag an nGarda

Nuair atá gearán tarchurtha ag Fiosrú lena réiteach, is é An Garda Síochána a láimhseálann ansin é. Tugann Coimisinéir an Gharda nuashonruithe staitistiúla rialta don Ombudsman Póilíneachta, lena n-áirítear stádas agus torthaí na ngearán.


As na 717 gearán ar láimhseáladh iad trí réiteach ag an nGarda sa tréimhse tuairiscithe, dhún An Garda Síochána 444 gearán agus bhí 273 fós ar siúl ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Féadfaidh torthaí éagsúla a bheidh ar ghearán amháin. Áiríodh ar thorthaí na ngearán a dhún An Garda Síochána:

- 162 (23%) – tugadh faisnéis don ghearánach.
- 124 (17%) – tugadh míniú don ghearánach.
- 79 (11%) – tugadh dearbhú don ghearánach.
- 73 (10%) – tugadh treoir do gharda.

Tá mionsonraí iomlán faoi ghearáin a tharchuir Fiosrú chuig an nGarda Síochána agus na torthaí a bhí orthu in Aguisín A.

## Torthaí na nGearán a Réitíodh




## Iarrataí ar Athbhreithniú ar Ghearán

Fuair Fiosrú 246 iarraidh ó ghearánaigh go ndéanfaí athbhreithniú ar thorthaí a ngearán sa tréimhse tuairiscithe. Féadfaidh gearánaigh a iarraidh ar Fiosrú athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh bunaidh inar cinneadh go raibh gearán neamh-inghlactha nó inar scoradh de. Is foráil nua é sin i reacht bunaidh Fiosrú, an tAcht PSSP.

Bhí na hiarrataí ar athbhreithniú a lorgaíodh sa tréimhse tuairiscithe comhdhéanta de:

- 236 iarraidh ar athbhreithniú ar chinntí neamh-inghlactha, agus
- 10 iarraidh ar athbhreithniú ar chinntí go ndéanfaí imscrúdú a scor.

As na hiarrataí sin ar athbhreithniú, ghlac Fiosrú le 240. Níor glacadh le sé iarraidh ar athbhreithniú mar gheall go raibh siad as am nó nár chomhlíon siad na critéir le haghaidh athbhreithniú.

Thug Fiosrú 84 athbhreithniú chun críche sa tréimhse tuairiscithe. Astu sin, seasadh leis na cinntí bunaidh i 46 gearán, cuireadh na cinntí bunaidh ar ceal i 25 gearán agus cuireadh ar ceal go páirteach iad i seacht ngearán. Tharraing an gearánach an gearán siar i gcás na sé iarraidh eile ar athbhreithniú.

# Tarchuir agus Fógraí ón nGarda


## Tarchuir ón nGarda faoi Theagmhais inar tharla Bás nó Díobháil Thromchúiseach

Fuair Fiosrú 30 tarchur faoi theagmhais inar tharla bás nó díobháil thromchúiseach ón nGarda Síochána sa tréimhse tuairiscithe, agus rinne sé imscrúdú orthu. Caithfidh Fiosrú imscrúdú a dhéanamh ar gach tarchur a fhaigheann sé ón nGarda.

Déanann Fiosrú na teagmhais as a leanann na tarchuir sin a dheighilt ina chatagóir a thagann leis na cinn a úsáideann comhlachtaí formhaoirsiúcháin póilíneachta eile. As na 30 tarchur a fuarthas:

- Bhain naoi gcinn le teagmhais tráchta ar bhóthar.
- Bhain ceithre cinn le bás nó díobháil thromchúiseach agus duine faoi choimeád an Gharda nó ina dhiaidh sin (Bheith faoi Choimeád ag an nGarda).
- Bhain seacht gcinn le féinmharú dealraitheach nó iarracht ar fhéinmharú.
- Bhain trí cinn le bás nó díobháil thromchúiseach tar éis teagmháil le Garda (Teagmháil le Garda).
- Bhain sé cinn le cion gnéasach líomhnaithe nó mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí.

### Catagóirí Tarchur faoi Bhás agus Díobháil Thromchúiseach




As na 30 imscrúdú a d’oscail Fiosrú maidir le tarchuir ón nGarda a fuarthas sa tréimhse tuairiscithe, tugadh cúig cinn chun críche gan aon chion coiriúil nó sárú ar araíonacht a shainaithint. Bhí na 25 imscrúdú eile fós ar oscailt ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

De ghnáth, meastar nach gá imscrúdú breise a dhéanamh mar gheall ar fhianaise shoiléir, mar shampla scrúdú iarbhháis, nó tuarascáil paiteolaíochta, tocsaneolaíochta nó stair liachta. Ó thús 2025, foilsíonn Fiosrú Tuarascáil Bhliantúil ar leithligh faoi gach teagmhas báis agus díobhála tromchúisí a dtarchuireann An Garda Síochána chuige.

## Fógraí ón nGarda faoi Theagmhais is Ábhar Imní

Fuair Fiosrú 58 fógra faoi theagmhais is ábhar imní ón nGarda Síochána sa tréimhse tuairiscithe. Cuireann Fiosrú na fógraí sin i gcatagóirí bunaithe ar chineál na líomhaintí iontu. Féadfaidh baint a bheith ag fógra amháin le níos mó ná catagóir amháin.


Áiríodh ar na gcatagóirí a bhain leis na 58 fógra: 12 (21%) foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe; 9 (16%) tiomáint faoi thionchar meiscigh; 7 (12%) úsáid fornirt, agus 6 (11%) éilliú.

Áiríodh orthu freisin 3 fógra sa chatagóir nochtadh faisnéise, 3 fógra sa chatagóir faisnéis bhréagach a sholáthar sa chúirt, fógra amháin sa chatagóir mí-úsáid cumhachta chun críche gnéasaí agus fógra amháin sa chatagóir mí-úsáid cumhachta le haghaidh gnóchain.

Tá sé de lánrogha an Ombudsman Póilíneachta raon gníomhartha a dhéanamh tar éis fógraí faoi theagmhais is ábhar imní a fháil, nó a chinneadh nach gá aon ghníomh breise a dhéanamh. As na 58 fógra faoi theagmhais is ábhar imní a fuarthas in 2025:

- D'oscail Fiosrú sé imscrúdú (10%), agus bhí gach ceann díobh fós ar siúl ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- Cheangail Fiosrú ar Coimisinéir an Gharda fógra a thabhairt do Fiosrú faoin dul chun cinn ar aon imscrúdú faoi stiúir an Gharda Síochána i gcás 29 fógra (50%).

### Teagmhais is ábhar imní – Gníomhartha Fiosrú




- Chinn Fiosrú nach ndéanfaí aon ghníomh breise 12%
- D'iarr Fiosrú ar Choimisinéir an Gharda fógra a thabhairt faoin toradh ar imscrúdú 19%
- D'iarr Fiosrú ar Choimisinéir an Gharda fógra a thabhairt faoin dul chun cinn ar imscrúdú 50%
- Chuir Fiosrú tús le himscrúdú 10%
- Cinneadh fós le déanamh 9%

- Cheangail Fiosrú ar Choimisinéir an Gharda fógra a thabhairt do Fiosrú faoin toradh ar aon imscrúdú faoi stiúir an Gharda Síochána i gcás 11 fógra (19%).
- Chinn Fiosrú gan aon ghníomh breise a dhéanamh i gcás seacht bhfógra (12%).
- Bhí cinneadh fós le déanamh ag Fiosrú faoi chúig fhógra (9%) ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

## Nithe a Imscrúdú ar mhaithe le Leas an Phobail

D'oscail Fiosrú dhá imscrúdú sa tréimhse tuairiscithe ar nithe a bhain le gardaí ar dealraitheach don Ombudsman Póilíneachta go raibh siad chun leas an phobail. Ní bhfuair Fiosrú aon iarraidh ná tarchur chun imscrúdú a dhéanamh ó Choimisinéir an Gharda, ón Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, ná ón Aire Dlí agus Cirt, Imirce agus Gnóthaí Baile.

Dhún Fiosrú 12 imscrúdú ar nithe chun leas an phobail le linn na tréimhse tuairiscithe. Astu sin, ba imscrúduithe a d'oscail GSOC faoi Acht an Gharda Síochána 2005 iad 11, agus d'oscail Fiosrú ceann amháin faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

## Tarchuir Chosanta Leanaí chuig Tusla

Le linn a gcuid oibre ag láimhseáil gearán ón bpobal nó ag déanamh imscrúduithe, d'fhéadfadh foireann Fiosrú teacht ar an eolas faoi chásanna ina bhféadfadh díobháil a bheith déanta do leanaí nó faoi leanaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó dhíobháil. Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, is "daoine sainordaithe" iad Oifigigh Ainmnithe Fiosrú (imscrúdaitheoirí agus baill den Fhoireann Cosanta Leanaí). Ciallaíonn sé sin nach mór dóibh tarchur éigeantach a dhéanamh chuig Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh, nó go bhfuil leanbh i mbaol díobhála. Ceanglaítear ar bhaill foirne neamh-shainordaithe Teagmhálaithe Ainmnithe Fiosrú a chur ar an eolas faoi aon saincheisteanna maidir le cosaint nó leas leanaí agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas oifigiúil. Rinneadh 67 tarchur chuig Tusla in 2025. Bhí 30 tarchur éigeantach agus 37 tarchur neamh-éigeantach i gceist leo sin.

## Nochtaí Cosanta faoin nGarda Síochána

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) tugtar cosaint d'oibrithe a dhéanann nochtaí faoi éagóir lena chinntiú nach mbeidh siad faoi réir pionóis as tuairisciú.

Féadfaidh Gardaí, agus oibrithe eile de chuid an Gharda Síochána, líomhaintí maidir le héagóir sa Gharda Síochána a nochtadh do Fiosrú. Féadfaidh Fiosrú tuairiscí faoi éagóir a bhaineann leis an nGarda Síochána a fháil ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta, agus ó dhaoine forordaithe eile.

Féadfaidh tuairiscí faoi raon éagóracha, lena n-áirítear cionta coiriúla, nó cur i mbaol sláinte nó sábháilteacht duine, a bheith i gceist le nochtaí cosanta. Déanann Fiosrú measúnú ar gach tuairisc faoi éagóir lena chinneadh cibé an gcomhlíonann siad na critéir reachtúla maidir le nochtadh cosanta.

Féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta, más dealraitheach di gurb é leas an phobail é, tús a chur le himscrúdú ar nochtadh éagóire a bhain leis an nGarda Síochána, faoi alt 206 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

Thóg Fiosrú 41 tuairisc faoi éagóir faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) ar aghaidh chuig an tréimhse tuairiscithe, agus fuair sé 41 ceann eile le linn na tréimhse tuairiscithe.

Le linn na tréimhse tuairiscithe:

- Dúnadh 35 tuairisc - 23 díobh tar éis measúnaithe, gan aon ghníomh eile déanta ina leith. Tarlaíonn sé sin mura gcomhlíonann an tuairisc na critéir do nochtadh cosanta agus/nó mura meastar go bhfuil imscrúdú chun leas an phobail.
- Rinneadh ceithre imscrúdú a scor, agus ní raibh imscrúdú breise de dhíth nó praiticiúil le réasún.
- Osclaíodh nó leanadh le 15 nochtadh cosanta, agus bhí siad sin fós ar siúl ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- Bhí measúnuithe ar 32 nochtadh cosanta fós ar siúl ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- Tarchuireadh ocht nochtadh cosanta chuig nós imeachta níos oiriúnaí. Féadfaidh sé sin tarlú i gcás nach gcomhlíonann an duine a dhéanann an tuairisc an sainmhíniú ar oibrí faoin reachtaíocht agus dá bharr sin, ní féidir leo nochtadh cosanta a dhéanamh. D'fhéadfadh an duine sin a bheith i dteideal gearán faoin nGarda Síochána a dhéanamh mar dhuine den phobal, áfach. I gcásanna den sórt sin, déanfar an duine a threorú chuig nós imeachta Fiosrú maidir le gearáin .D'fhéadfadh tarchur chuig nós imeachta níos oiriúnaí teacht chun cinn freisin más fearr atá comhlachta forordaithe eile in ann aghaidh a thabhairt ar an éagóir i gceist.

## Fógraí ón nGarda maidir le Scaoileadh Arm Tine

Tugann Coimisinéir an Gharda fógra do Fiosrú faoi scaoileadh arm tine agus scaoileadh feistí "nach bhfuil chomh marfach sin". Cuireann An Garda Síochána feistí nach bhfuil chomh marfach sin i gcatagóirí éagsúla, mar shampla Gléasanna Fuinnimh Sheolta, ar a dtugtar Tasers, chomh maith le hurchair imbhuailte 40mm agus gléasanna seachráin, mar shampla "stiúdghránáid". Tugann Gardaí fógra do Fiosrú faoi theagmhais inar úsáideadh sprae ardtoirte OC (sprae piobair). Nuair a fhaigheann sé fógra, déanann Fiosrú scrúdú ar na himthosca agus déanann sé fiosruithe ábhartha más gá, chun a chinneadh an bhfuil imscrúdú Fiosrú de dhíth. ón 2 Aibreán 2025 go dtí deireadh na bliana, fuair Fiosrú dhá fhógra faoi scaoileadh arm tine, sé fhógra faoi scaoileadh urchair imbhuailte 40mm agus seacht bhfógra faoi scaoileadh ceanastar sprae ardtoirte OC.

Ina theannta sin, fuair Fiosrú 22 fógra faoi scaoileadh Taser sa tréimhse tuairiscithe, agus gach ceann díobh ag baint lena n-úsáid ag comhaltaí speisialtóireachta d'Aonaid Réigiúnacha Tacaíochta faoi Airm an Gharda Síochána agus den Aonad Práinnfhreagartha.

Ní bhfuair Fiosrú aon fhógra le linn na tréimhse tuairiscithe faoi scaoileadh Taser ag gardaí faoi éide faoin tionscadal píolótach a thug An Garda Síochána isteach an 18 Nollaig 2025 do roinnt gardaí túslíne.

Is é is aidhm leis na fógraí sin a bheith á soláthar ag an nGarda do Fiosrú ná a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach cearta daonna agus bunreachtúla daoine dá ndéanann difear de réir Airteagal 3 (toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde atá mídhaonna nó táireach) agus, b'fhéidir, Airteagal 2 (an ceart chun an bheatha) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine(ECHR).

# Torthaí Imscrúduithe

## Gearáin ón bPobal

Dhún Fiosrú 668 gearán, ina raibh 1,050 líomhain, sa tréimhse tuairiscithe.

Ós rud é go bhféadfaidh níos mó ná líomhain amháin a bheith i ngearán amháin, is féidir níos mó ná toradh amháin eascairt as.

Mar shampla, d'fhéadfaí comhad Fiosrú a sheoladh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) mar thoradh ar ghearán, agus d'fhéadfaí ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh dá bharr, agus d'fhéadfadh Coimisinéir an Gharda breithniú a dhéanamh ar thuairisc sa chás go mb'fhéidir go ndearna garda sárú araíonacht. An toradh air sin ná go ndéanfaí an gearán a thaifeadadh mar tarchurtha chuig an DPP agus breithnithe ag Coimisinéir an Gharda.

Bhí 674 toradh ar na gearáin a dúnadh sa tréimhse tuairiscithe, mar a leagtar amach sa tábla.

Tugann na torthaí sin tuairisc ar chomhaid a seoladh chuig an DPP in imscrúduithe a dúnadh agus sin amháin.

Sa chéad chuid eile den tuarascáil seo, léirítear an líon iomlán comhad imscrúdaithe a sheol Fiosrú chuig an DPP sa tréimhse chéanna, lena n-áirítear imscrúduithe a dúnadh agus cinn a bhí fós oscailte ar feitheamh cinneadh ón DPP agus/nó an toradh ar imeachtaí cúirte nó eile.

### Torthaí na nGearán a Dúnadh

| Toradh ar an nGearán | Líon |
|---|---|
| Scortha – ní raibh imscrúdú breise de dhíth nó praiticiúil le réasún | 252 |
| Níor shainaithin Fiosrú aon tsaincheist choiriúil ná iompair | 142 |
| Bhreithnigh An Garda Síochána an t-imscrúdú i dtaobh sárú féideartha ar araíonacht/ caighdeáin iompair | 132 |
| Gearán tarraingthe siar | 79 |
| Níor ghlac an gearánach páirt sa phróiseas | 45 |
| Tarchurtha chuig an DPP – níor ordaíodh ionchúiseamh | 22 |
| Tarchurtha chuig an DPP – ordaíodh ionchúiseamh | 2 |

**2 Aibreán - 31 Nollaig 2025**

## Smachtbhannaí forchurtha ag Coimisinéir an Gharda

Dúnadh 132 gearán sa tréimhse tuairiscithe, nuair a rinne Coimisinéir an Gharda breithniú foirmiúil ar cibé ar tharla sárú araíonachta nó sárú ar na Rialacháin um Chaighdeáin Iompraíochta Gairmiúla 2025.

Astu sin, fuarthas i 84 gearán nach raibh sárú araíonachta nó sárú ar chaighdeáin déanta ag an ngarda nó ag na gardaí i gceist, agus fuarthas go raibh sáruithe déanta i 46. Dá thoradh sin, thug Coimisinéir an Gharda fógra do Fiosrú gur forchuireadh 66 smachtbhanna. Ba iad sin: comhairle (35); foláireamh (9); rabhadh (4) Laghdú ar phá nár mhó ná 2 sheachtain pá (18). Baineann na smachtbhanna a forchuireadh le Coimisinéir an Gharda amháin. I gcás dhá ghearán, bhí na gardaí tar éis An Garda Síochána a fhágáil agus dá bharr sin níorbh fhéidir aon ghníomh a dhéanamh.

# Caingne Dlí tar éis Imscrúduithe

## Comhaid Imscrúdaithe Fiosrú seolta chuig an DPP le haghaidh ionchúisimh fhéideartha

Sheol Fiosrú comhaid chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) i ndáil le 61 imscrúdú sa tréimhse tuairiscithe. Seolann Fiosrú comhad imscrúdaithe chuig an DPP nuair a mheasann sé go mb'fhéidir go ndearna garda cion coiriúil.

Féadfaidh an DPP treoir a thabhairt do Fiosrú chun ionchúiseamh a dhéanamh, nó treoir gan ionchúiseamh a dhéanamh. Sa dá chás, tugann sé fógra do Fiosrú. Nuair a thugann an DPP treoir chun ionchúiseamh a dhéanamh, déanann sé iarratas ar thoghairm chun an cúisí a thabhairt os comhair cúirte ar na cionta a liostaítear sa litir ordaithe.

Is féidir cúisimh a thriail go hachomair (sa Chúirt Dúiche) (i gcás cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach sin) nó ar díotáil sa Chúirt Chuarda (i gcás cionta níos tromchúisí). Maidir le cionta tromchúiseacha áirithe, is féidir iad sin a thriail sa Phríomh-Chúirt Choiriúil freisin.

Nuair a thugann an DPP treoir nár cheart ionchúiseamh a dhéanamh i ndáil le comhad imscrúdaithe Fiosrú, is é ról Fiosrú é gach páirtí ábhartha a chur ar an eolas faoi chinneadh an DPP.

## Treoracha ón DPP chun Ionchúiseamh a dhéanamh

Fuair Fiosrú 67 treoir ón DPP sa tréimhse tuairiscithe, ina measc 15 treoir chun gardaí a ionchúiseamh. Bhain na treoracha sin le comhaid Fiosrú a seoladh chuig an DPP in 2024 agus in 2025.

Áiríodh ar na cúisimh choiriúla sna 15 ionchúiseamh i gcoinne gardaí a d'ordaigh an DPP sa tréimhse tuairiscithe, tiomáint chontúirteach, tiomáint chontúirteach is cúis le bás, príosúnú neamhdhleathach, damáiste coiriúil, ionsaí agus ionsaí is cúis le díobháil.

Fuarthas 52 treoir gan ionchúiseamh a dhéanamh ón DPP.

## Cásanna Coiriúla a Cinneadh sa Chúirt

Tugadh deich gcás choiriúla a thug an DPP i gcoinne gardaí mar thoradh ar imscrúduithe Fiosrú chun críche sa chúirt sa tréimhse tuairiscithe.

Ciontaíodh gardaí in dhá cheann de na hionchúisimh. Scriosadh amach ionchúiseamh amháin in imthosca inar cuireadh foláireamh duine fásta i bhfeidhm. I gcás cúig ionchúiseamh, chuir an Breitheamh an Probation of Offenders Act, 1907 i bhfeidhm, agus éigiontaíodh trí gharda in dhá ionchúiseamh eile.

Maidir leis na gardaí a ciontaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, áiríodh ar na pionóis a gearradh fíneáil €500, ordú chun cúiteamh €10,000 a íoc le páirtí díobhálaithe agus seirbhís pobail.

Tugtar mionsonraí faoi na cúisimh a tionscnaíodh agus na pionóis faoi seach a gearradh sna deich ionchúiseamh choiriúla a cinneadh sa chúirt sa tréimhse tuairiscithe in Aguisíní B agus C.

Ag deireadh 2025, bhí 21 cás gníomhach os comhair na gcúirteanna a d'eascair as imscrúduithe Fiosrú.

Áiríodh orthu sin 19 cás a bhain le 19 gardaí. In dhá chás eile, tugadh trí ghearánach os comhair na gcúirteanna as faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt do Fiosrú i rith imscrúdaithe.

## Nochtadh Neamh-Pháirtí

I gcás roinnt mhaith gearán arna n-imscrúdú ag Fiosrú, bíonn imeachtaí coiriúla gaolmhara á n-ionchúiseamh an nGarda Síochána. Tá prótacal ann idir Fiosrú agus an DPP ar a dtugtar Nochtadh Neamh-Pháirtí Fianaise don Chosaint in Imeachtaí Coiriúla. Tá an Prótacal sin le fáil ar shuíomh gréasáin Fiosrú.

Faoin bprótacal seo, seolann Fiosrú comhad chuig an DPP leis an ábhar imscrúdaitheach go léir nach bhfuarthas go díreach ón ngearánach nuair a thagann sé ar an eolas go bhfuil an gearánach (nó duine a bhaineann leis/léi) á ionchúiseamh nó á hionchúiseamh ag an nGarda Síochána. Cinntíonn sé sin go bhféadfaidh an DPP a hoibleagáidí nochta a chomhlíonadh agus go nochtar an t-ábhar ábhartha go léir don chosaint ionas go bhfaighidh an cúisí triail chothrom. Rinne Fiosrú 74 nochtadh neamh-pháirtí chuig an DPP sa tréimhse tuairiscithe.

**61** COMHAD IMSCRÚDAITHE SEOLTA CHUIG AN DPP

**15** IONCHÚISEAMH COIRIÚIL AR GHARDA ORDAITHE AG AN DPP

# Cás-Staidéir

Is achoimrí iad na Cás-Staidéir seo a leanas ar ghearáin agus ar imscrúdaithe ar dhéileáil Fiosrú (agus GSOC roimhe sin) leo. Roghnaíodh na cásanna seo mar gheall go léiríonn siad príomh-phatrúin agus téamaí a fheicimid inár gcuid oibre.

## Seirbhís pobail tugtha do Gharda as ionsaí sráide ar bhuachaill sna déaga

### Teagmhas

Rinne buachaill 17 mbliana d'aois gearán faoi ionsaí a tharla taobh amuigh d'ospidéal máithreachais fad a bhí a pháirtí ag tabhairt linbh ar an saol. Líomhain an gearánach go ndearna gardaí é a stopadh agus a chuardach, gur thóg garda amháin a fhón póca agus gur chaith i bpoll uisce é agus gur líon sé cupán indiúscartha le huisce salach faoi dhó agus gur chaith sé an t-uisce ar a bhríste.

### Imscrúdú

D'fhéach imscrúdaitheoirí Fiosrú ar phíosa scannánaíochta CCTV den teagmhas a thaispeáin go soiléir an méid a ndearna an gearánach cur síos air. Dhiúltaigh an garda aon cheist a fhreagairt ag agallamh faoi fholáireamh.

### Toradh

Sheol Fiosrú comhad imscrúdaithe chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Thug an DPP treoir chun an garda a ionchúiseamh as ionsaí agus damáiste coiriúil. Phléadáil an garda ciontach agus gearradh téarma príosúnachta ceithre mhí air as ionsaí, le dhá mhí curtha ar fionraí. Laghdaíodh an phianbhreith ar achomharc go dtí 60 uair an chloig de sheirbhís pobail seachas príosúnacht agus ordú chun cúiteamh a íoc leis an ngearánach.

## Smachtbhanna do gharda nach raibh ar dualgas as cailín sna déaga a ionsaí agus é ar meisce

### Teagmhas

Rinneadh gearán chuig Fiosrú thar ceann cailín 17 mbliana d'aois a líomhain gur iompar garda nach raibh ar dualgas é féin ar mhodh míchuí ina leith nuair a thug sé cuairt ar theach a teaghlaigh agus é ar meisce. D'iarr an gearánach cabhair ó dhaoine dá teaghlach a bhí sa teach agus tugadh an garda nach raibh ar dualgas abhaile.

### Imscrúdú

Thóg imscrúdaitheoirí Fiosrú ráiteas ón ngearánach ina teach agus tuismitheoir in éineacht léi. Rinne siad roinnt fiosruithe imscrúdaitheacha, ina measc píosaí scannánaíochta CCTV a chíoradh agus ráitis a thaifeadadh ó fhinnéithe. Níor ghlac an garda páirt san imscrúdú.

### Toradh

Sheol Fiosrú moladh chuig Coimisinéir an Gharda le haghaidh imeachtaí araíonachta as iompar gur dhóigh go dtarraingeodh sé míchlú ar an nGarda Síochána. Fuair An Garda Síochána go raibh sárú araíonachta déanta ag an ngarda agus forchuireadh an pionós airgeadais uasta air.

## Asbaineadh pá garda de thoradh faillí sa dualgas i dtimpiste agus é sa tóir ar charr

### Teagmhas

Fuair Fiosrú tarchur faoi theagmhas báis nó díobhála tromchúisí ó Choimisinéir an Gharda. Bhain an teagmhas le feithicil an Gharda ag dul sa tóir ar fheithicil eile. Bhuail an fheithicil a rabhthas sa tóir uirthi in aghaidh feithicil eile nach raibh bainteach leis an gcás. Gortaíodh beirt thiománaithe den bhfeithicil a rabhthas sa tóir uirthi agus gortaíodh go tromchúiseach leanbh 12 bliana d'aois san fheithicil nach raibh bainteach leis an gcás.

### Imscrúdú

D'fheastail imscrúdaitheoirí Fiosrú ar shuíomh an imbhuailte agus rinne idirchaidreamh le speisialtóir fóiréinseach um imbhuailtí. Rinne siad scrúdú ar fheithicil an Gharda, ghlac siad cuntais ó na daoine a bhí sa timpiste agus bhailigh siad píosa scannánaíochta CCTV.

### Toradh

Chinn Fiosrú nach raibh údarú fíor-ama faighte ag an tiománaí garda chun tosú ar an dul sa tóir, agus nár lean siad an oiliúint agus na treoracha iomchuí maidir le dul sa tóir. Ní raibh an leibhéal oiliúna riachtanach ag an ngarda do na gníomhartha a rinneadh, mar shampla luasteorainneacha a shárú, gan déanamh de réir rialachán tráchta, agus soilse agus bonnán éigeandála a úsáid. Fuair an t-imscrúdú go mb'fhéidir go raibh sárú araíonachta an Gharda déanta ag an ngarda i dtaobh faillí sa dualgas. Mhol Fiosrú do Choimisinéir an Gharda imeachtaí araíonachta a dhéanamh, agus dá bharr sin asbaineadh pá aon lae ón ngarda agus tugadh rabhadh dóibh.

## Gearán neamh-inghlactha curtha ar ceal agus seolta chuig an nGarda lena réiteach

### Teagmhas

Rinne duine den phobal gearán gur urghabh gardaí roinnt doiciméad le linn dóibh trácht ar bhóthar a stopadh agus nár tugadh ar ais dóibh iad. Dúirt an gearánach gur dhearbhaigh an Breitheamh in éisteacht cúirte nár cheart na doiciméid a urghabháil agus gur cheart iad a thabhairt ar ais.

### Imscrúdú

D'iarr Fiosrú tuilleadh faisnéise ar an ngearánach le linn an phróisis láimhseála gearán, ach níor fhreagair siad.

### Athbhreithniú

Chinn Fiosrú go raibh an gearán neamh-inghlactha ós rud é nach raibh faisnéis leordhóthanach ann ina leith agus dá bharr sin nach raibh sé praiticiúil gníomh breise a dhéanamh. D'iarr an gearánach athbhreithniú ar an gcinneadh sin.

### Toradh

Ar athbhreithniú a dhéanamh, chuir Fiosrú a chinneadh bunaidh ar ceal agus chinn sé go raibh an gearán inghlactha ós rud é go bhféadfadh faillí sa dualgas a bheith i gceist. Measadh gur ceist um bainistiú feidhmíochta a bhí sa ghearán agus sheol Fiosrú ar ais chuig an nGarda Síochána é lena réiteach.

## Phléadáil garda nach raibh ar dualgas ciontach in ionsaí déanach san oíche a taifeadadh ar CCTV

### Teagmhas

Fuair Fiosrú faisnéis faoi theagmhas ón nGarda Síochána agus chinn sé imscrúdú ar an ní a oscailt ar mhaithe le leas an phobail. Bhain an teagmhas le hachrann fisiciúil idir garda nach raibh ar dualgas agus duine den phobal i mbialann beir leat tar éis oíche amuigh. Nuair a tháinig gardaí i láthair, thuairiscigh an garda nach raibh ar dualgas do ndearnadh ionsaí air. Gabhadh an duine den phobal as cionta ord poiblí agus mhaígh sé go raibh sé neamhchiontach.

Rinne gardaí imscrúdú ar an teagmhas, lenár áiríodh féachaint ar phíosa scannánaíochta CCTV a thaispeáin go ndearna an garda nach raibh ar dualgas ionsaí ar an duine den phobal. De bhun tarchur ón nGarda, d'oscail Fiosrú imscrúdú ar an teagmhas.

### Imscrúdú

Mar chuid d'imscrúdú Fiosrú, bhain an tAonad Imscrúduithe Digiteacha fuaim a bhí sa cúlra ón bpíosa scannánaíochta CCTV. Chuir sé sin ar chumas na n-imscrúdaitheoirí cloisteáil go raibh an duine den phobal ag déanamh gach iarracht an cás a dhíghéarú.

### Toradh

Sheol Fiosrú comhad imscrúdaithe chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Thug an DPP treoir chun an garda a ionchúiseamh as ionsaí.

D'éirigh an garda as an nGarda Síochána agus phléadáil ciontach sa chion. D'ordaigh Breitheamh don gharda €250 a íoc le bosca déirce na cúirte agus cuireadh alt 1(1) den Probation of Offenders Act 1907 i bhfeidhm, rud a d'fhág nach ndearnadh ciontú foirmiúil.

## Níor ionchúisíodh garda ar cuireadh ionsaí fir faoi choimeád ina leith

### Teagmhas

Líomhain an gearánach go bhfuair siad gortú cloiginn ar theastaigh stáplaí uaidh nuair a thit siad i stáisiún Garda agus iad faoi choimeád. Bhí an gearánach ar meisce agus bhí garda a dtionlacan nuair a thit siad. Tugadh an gearánach chuig an ospidéal ina dhiaidh sin.

### Imscrúdú

D'fhéach imscrúdaitheoirí Fiosrú ar phíosa scannánaíochta CCTV ón stáisiún Garda, thóg siad ráitis finné ó ghardaí, fuair siad taifid liachta agus grianghraif den ghortú agus chuir siad an garda faoi agallamh faoi fholáireamh. Thaispeáin an píosa scannánaíochta CCTV an garda ag tionlacan an gearánach tríd an stáisiún Garda. Bhí an gearánach míshochair agus bhí sé an-deacair orthu bheith ina seasamh. Thaispeáin an píosa scannánaíochta gur chúlaigh an gearánach trí dhoras faoi threoir an gharda agus gur thit siad faoi dhó.

### Toradh

Sheol Fiosrú comhad imscrúdaith chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Thug an DPP treoir gan ionchúiseamh a dhéanamh.

## Éigiontaíodh garda tar éis gearán a líomhain úsáid fornirt iomarcaigh

### Teagmhas

Fuair Fiosrú gearán ó dhine den phobal inar líomhnaíodh úsáid fornirt iomarcaigh le linn gabhála. Dúirt an gearánach go raibh siad ag bialann mhearbhia nuair a d'iarr gardaí orthu imeacht. Tamall gearr ina dhiaidh sin, d'fhill an gearánach ar an mbialann chun tuilleadh bia a cheannach. Líomhain an gearánach gur thosaigh gardaí á ionsaí fad a ghabh siad é as cionta ord poiblí.

### Imscrúdú

Chuir imscrúdaitheoirí Fiosrú agallamh ar an ngearánach agus ar an mbeirt ghardaí a rinne an ghabháil. Fuair na himscrúdaitheoirí tuairiscí finnéithe ó ghardaí eile agus ó dhaoine a bhí ann nuair a tharla an teagmhas. Thaifead cara leis an ngearánach an teagmhas ar a bhfón agus bhí na himscrúdaitheoirí in ann an píosa scannánaíochta sin a bhailiú agus féachaint air, chomh maith le píosa scannánaíochta CCTV ón mbialann agus ón stáisiún Garda. Bailíodh agus scrúdaíodh taifid PULSE, grianghraif de ghortuithe agus iontrálacha i leabhair nótaí Gardaí freisin.

### Toradh

Sheol Fiosrú comhad imscrúdaithe chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Thug an DPP treoir chun garda amháin a ionchúiseamh as ionsaí is cúis le díobháil. Éigiontaíodh an garda sa chion sin sa chúirt.

## Fíneáil gearrtha ar gharda nach raibh ar dualgas tar éis phléadáil ciontach i dtiomáint neamhaireach

### Teagmhas

Fuair Fiosrú tarchur ón nGarda faoi imbhualadh tráchta ar bhóthar a bhain de gharda nach raibh ar dualgas a bhí ag dul thar fheithicle nuair a bhuail siad i dtul feithicle eile. Gortaíodh an garda go tromchúiseach. Tugadh na paisinéirí san fheithicil eile, leanbh 13 bliana d'aois ina measc, chuig an ospidéal ach ní raibh siad gortaithe.

### Imscrúdú

Chuir imscrúdaitheoirí Fiosrú agallamh ar fhinné agus ar dhuine de na paisinéirí san fheithicil eile. Thaifead na himscrúdaitheoirí tuairiscí ó fhinnéithe Gardaí a d'fhreastail ar an láthair agus fuair siad fianaise liachta. Chuir Fiosrú agallamh ar an ngarda faoi fholáireamh.

### Toradh

Sheol Fiosrú comhad imscrúdaithe chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Thug an DPP treoir chun an garda a ionchúiseamh as tiomáint chontúirteach. Phléadáil an garda ciontach sa chion nach raibh chomh tromchúiseach sin, tiomáint neamhaireach, agus ghlac an DPP leis sin. Ghearr an Breitheamh fíneáil €500 ar an ngarda.

## Téarma príosúnachta gearrtha ar gharda as ionsaí ar bhuachaill sna déaga

### Teagmhas

Fuair Fiosrú tarchur ón nGarda faoi theagmhas inar gortaíodh buachaill 17 mbliana d'aois go tromchúiseach. Fad a bhí an déagóir á ghabháil ag suíomh i lár na cathrach, chas an garda bun os cionn é agus glais lámh air. Tugadh an buachaill go dtí stáisiún Garda, áit a ndearnadh dochtúir scrúdú air roimh é a aistriú chuig ospidéal. Cuireadh cóireáil air le haghaidh bhlaosc scoilte agus inchinn a bhí ag cur fola.

### Imscrúdú

Rinne imscrúdaitheoirí Fiosrú scrúdú ar shuíomh na timpiste agus thaifead siad ráiteas ón mbuachaill sna déaga. Ag an am, ní raibh aon chuimne ag an mbuachaill ar an teagmhas mar gheall ar a ghortuithe. Bhailigh imscrúdaitheoirí Fiosrú píosaí scannánaíochta CCTV den teagmhas agus ón stáisiún garda, chomh maith le píosaí scannánaíochta ar na meáin shóisialta agus rinne siad anailís orthu. D'eisigh Fiosrú achainí le haghaidh finnéithe agus tháinig roinnt mhaith finnéithe chun cinn. Thug siad ráitis agus fianaise sa chúirt. Chuir imscrúdaitheoirí Fiosrú agallamh ar an ngarda faoi fholáireamh. Cuireadh agallamh ar roinnt finnéithe garda freisin.

### Toradh

Sheol Fiosrú comhad imscrúdaithe chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Thug an DPP treoir chun an garda a ionchúiseamh as dhá chúiseamh ionsaí is cúis le díobháil. Fuair giúiré an garda ciontach sa dá chúiseamh ionsaí is cúis le díobháil. Gearradh trí bliana sa phríosún ar an ngarda agus dhá bhliain curtha ar fionraí.

# Rialachas agus Airgeadas


| | |
|---|---|
| Struchtúr Rialachais | 39 |
| Bord Feidhmiúcháin Fiosrú | 41 |
| Rialachas Corparáideach | 42 |
| Maoiniú agus Riarachán | 46 |

# Struchtúr Rialachais

Bunaíodh Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta, an 2 Aibreán 2025 faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (Acht PSSP). Déantar foráil san Acht go leanfaidh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ar aghaidh mar Fiosrú, agus go mbeidh struchtúr nua ceannaireachta aige. Leagtar amach feidhmeanna Fiosrú in alt 173 den Acht PSSP.

## An tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta

Ceapann Uachtarán na hÉireann an tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta tar éis comórtas oscailte agus tar éis rún a bheith rite ag an dá Theach den Oireachtas. Tá an bheirt shealbhóirí oifige neamhspleách agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu agus tuairiscíonn siad go díreach chuig an Oireachtas.

Féadfaidh an Leas-Ombudsman Póilíneachta feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta a fheidhmiú i rith aon tréimhse nach bhfuil an tOmbudsman Póilíneachta in ann a feidhmeanna a fheidhmiú. Is mar gheall ar neamhláithreacht a dhéantar é sin sa chleachtas.

Tá feidhm feidhmiúcháin ag an Ombudsman Póilíneachta agus ag an Leas-Ombudsman Póilíneachta chun feidhmeanna reachtúla Fiosrú faoin Acht PSSP a chomhlíonadh.

## An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) an tOifigeach Cuntasaíochta, freagrach don Choiste Dála um Chuntais Phoiblí i ndáil le cuntais leithreasa Oifig an Ombudsman Póilíneachta chun críche Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1866 go 1998.

Tá an POF freagrach as cur i bhfeidhm bheartais agus chinntí an Ombudsman Póilíneachta agus as an bhfoireann, riar agus gnó Fiosrú i nginearálta a rialú. Féadtar feidhmeanna eile a shannadh POF de réir mar a chinnfeadh an Ombudsman Póilíneachta nó féadtar í a údarú faoin Acht PSSP chun feidhmeanna eile a dhéanamh.

Tá cúig rannán ag Fiosrú faoi na réimsí ginearálta oibríochtaí agus riarachán. Tá an Struchtúr Rialachais leagtha amach thíos.


## An Creat Rialachais

Tá Fiosrú tiomanta na caighdeáin is airde is féidir de Rialachas Corparáideach a bhaint amach. In 2025, lean Fiosrú ar aghaidh dár bpríomhfheidhmeanna agus beartais um Rialachas Corparáideach a fhorbairt agus a chur i gcrích i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú chomh maith le feidhmeanna reachtúla eile.

Ceanglaítear ar Fiosrú lena reacht bunaidh Creat Rialachais a ullmhú. Forbraíodh an creat rialachais sin le linn 2025. Tá an doiciméad ceaptha léiriú a thabhairt ar tiomantas poiblí na heagraíochta do na socruithe rialachais a cuireadh ar bun lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár n-oibleagáidí reachtúla fad a ghníomhaímid chun leas an phobail an t-am ar fad.

Déanfar athbhreithniú tráthrialta ar Chreat Rialachais Fiosrú lena chinntiú go bhfuil sé éifeachtach agus cothrom le dáta. Déanfaidh Bord Feidhmiúcháin Fiosrú agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil air chomh maith. Tá an Creat Rialachais le fáil ar shuíomh gréasáin Fiosrú.

## Struchtúr Rialachais Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta



# Bord Feidhmiúcháin Fiosrú

Tá socrú rialachais uathúil ag Fiosrú faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Is sealbhóirí oifige iad an tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta. Ceapann an tUachtarán iad agus tá siad cuntasach don Oireachtas. Ag an am céanna, tá feidhmeanna feidhmiúcháin ag an mbeirt acu. Tuairiscíonn an POF agus an Leas-Ombudsman chuig an Ombudsman Póilíneachta. In éagmais an Ombudsman Póilíneachta, tuairiscíonn an POF don Leas-Póilíneachta. Chun freastal ar an socrú seo agus in éagmais boird, ceadaímid Bord Feidhmiúcháin Fiosrú.

## Cruinnithe Bhord Feidhmiúcháin Fiosrú

Thionóil Bord Feidhmiúcháin Fiosrú ceithre chruinniú le linn na tréimhse naoi mí d'fhonn a dhualgais rialachais agus oibríochta a chomhlíonadh.

| Cruinnithe Bhord Feidhmiúcháin Fiosrú 2 Aibreán - 31 Nollaig 2025 | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Líon cruinnithe ar ar freastalaíodh** |
| Emily Logan | Ombudsman Póilíneachta | 4 (ceaptha 2 Aibreán) |
| Brian Doherty | Leas-Ombudsman Póilíneachta | 3 (ceaptha 15 Meán Fómhair) |
| Sheila McClelland | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 4 |

## Foireann Ceannaireachta Sinsearaí

Cinntíonn an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí (FCS) go gcuirtear straitéis na heagraíochta i bhfeidhm trí rialachas éifeachtach, struchtúir bhainistíochta, cultúr agus úsáid iomchuí a bhaint as acmhainní na heagraíochta chun a sainchúram reachtúil a chur i bhfeidhm. Tagann an fhoireann le chéile uair sa choicís agus áirítear inti an POF agus baill foirne ar leibhéal Príomhoifigeach nó Stiúrthóra. Le linn 2025, bhí na daoine a leanas ar an FCS:

- Sheila McClelland, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- Jon Leeman, Stiúrthóir Eatramhach Gearán agus Imscrúduithe
- Pauline Byrne, Leas-Stiúrthóir Gearán agus Imscrúduithe
- Garrett Croke, Leas-Stiúrthóir Gearán agus Imscrúduithe
- Edel Gilligan, Ceann Dlí
- Richard Gomm, Leas-Stiúrthóir Gearán agus Imscrúduithe
- David Grant, Leas-Stiúrthóir Gearán agus Imscrúduithe
- Nuala Haughey, Ceann Straitéise, For-rochtana agus Caidrimh
- Peter Hogan, Leas-Stiúrthóir Riaracháin
- Darren Wright, Leas-Stiúrthóir Gearán agus Imscrúduithe

# Rialachas Corparáideach

## An Coiste Iniúchta agus Riosca

Is cuid de thimpeallacht rialaithe Fiosrú é an Coiste Iniúchta agus Riosca. Tá mar chúram air comhairle agus treoir neamhspleách a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus ar an Ombudsman Póilíneachta maidir le hoiriúnacht agus stóinseacht rialuithe inmheánacha, iniúchtaí inmheánacha, córais um bainistiú riosca agus rialachas, agus nósanna imeachta Fiosrú.

Oibríonn an Coiste Iniúchta agus Riosca faoi chairt scríofa a comhaontaíodh leis an Oifigeach Cuntasaíochta. Tá róil agus freagrachtaí an Choiste leagtha amach i gCairt an Choiste Iniúchta agus Riosca, atá le fáil ar shuíomh gréasáin Fiosrú.

## Comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca

Ceapann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fiosrú comhaltaí an Coiste Iniúchta agus Riosca. Tá an Coiste comhdhéanta de Chathaoirleach neamhspleách, an Leas-Ombudsman Póilíneachta agus triúr chomhaltaí sheachtracha. Is iad seo a leanas na comhaltaí:

- Paul Dempsey – Cathaoirleach (comhalta seachtrach);
- Leas-Ombudsman Fiosrú, Brian Doherty (comhalta inmheánach);
- Ray Dolan (comhalta seachtrach);
- Michele Larmour (comhalta seachtrach);
- Tom O'Regan (comhalta seachtrach).

Tháinig an Coiste le chéile trí huaire sa tréimhse tuairiscithe ar na dátaí seo a leanas:

- 23 Meitheamh 2025
- 29 Meán Fómhair 2025
- 7 Nollaig 2025

Féadfaidh comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin Fiosrú agus baill foirne a dtugtar cuireadh dóibh a bheith i láthair ag cruinnithe Coiste. Tá miontuairiscí an Choiste agus Tuarascáil Bhliantúil 2025 le fáil ar shuíomh gréasáin Fiosrú.

## Bainistiú Cáilíochta

Tar éis thosach feidhme an Achta PSSP agus bunú Fiosrú, tá dul chun cinn déanta ar bhainistiú cáilíochta agus ar chomhlíonadh. Tá Fiosrú tiomanta creataí agus struchtúir a chur ar bun lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an eagraíocht a hoibleagáidí reachtúla agus rialachais agus go bhfaighidh úsáideoirí na seirbhíse idirchaidreamh ardcháilíochta.

## Bainistiú Riosca

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag Fiosrú a lig don eagraíocht na príomhrioscaí a tháinig chun cinn in 2025 a shainaithint agus a thuairisciú, agus chun gníomhartha bainistithe a dhéanamh chun dul i ngleic leo agus chun iad a mhaolú.

Áirítear ar an bpróiseas bainistithe riosca:

- Beartas Bainistithe Riosca ina leagtar amach na próisis chun rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú;
- Clár Riosca ina dtugtar mionsonraí faoi rioscaí agus faoin gcaoi a mhaolaítear iad agus a choimeádtar cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Sainaithnítear rioscaí sonracha ar an gclár seo, sonraítear na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí sin a mhaolú agus sannann freagracht as an maolú agus as oibriú rialuithe;
- Príomhoifigeach Riosca chun maoirseacht a dhéanamh ar riosca agus chun an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an tOmbudsman Póilíneachta ar an eolas faoi rioscaí ardleibhéil agus a maoluithe;
- Grúpa Monatóireachta Riosca, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras Bainistithe Riosca i gcomhar leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí agus leis an bPríomhoifigeach Riosca; agus

- An Coiste Iniúchta agus Riosca, chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha san eagraíocht agus chun comhairle a chur ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus ar an Ombudsman Póilíneachta i dtaobh iniúchtaí, rialachas agus rioscaí.

Tá forbairt leanúnach á déanamh ar chóras bainistithe riosca Fiosrú ar an leibhéal oibriúcháin agus tá sé mar aidhm leis sin dul chun cinn chuig an gcéad leibhéal aibíochta eile. Is éard a bheidh i gceist leis sin ná na próisis bhainistithe riosca a ailíniú le Ráiteas Straitéise nua Fiosrú agus le pleananna gnó Fiosrú, agus an córas a leabú ar fud na heagraíochta.

## Rialachas TFC

Chun cuspóirí agus feidhmeanna reachtúla Fiosrú a shaothrú, is cuid ríthábhachtach de na socruithe dearbhaithe san eagraíocht é rialachas TFC. Leanann Fiosrú Cónascadh Rialtais 2030: Straitéis TFC a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúchain. Baineann sé úsáid as an straitéis sin mar bhonn eolais don rialachas TFC san eagraíocht.

Ina theannta sin, cuireann rialacha um chaiteachas poiblí, ciorcláin ón rialtas agus doiciméid bheartais maidir le húsáid inmheánach TFC leis na socruithe rialachais TFC laistigh de Fiosrú.

## Cibearshlándáil

Tá Straitéis Cibearshlándála ag Fiosrú a chuireann clár ar fáil chun cibearaibíocht san eagraíocht a fheabhsú. Cuireann an straitéis seo feabhas ar anailís agus bainistiú ar an timpeallacht TFC in Fiosrú, cuireann sí feabhas ar rialuithe slándála TFC agus tacaíonn sí le cultúr feasachta ar an tslándáil ar fud na heagraíochta. Cuireann an straitéis seo ar chumas Fiosrú teacht roimh chibearbhagairtí, iad a sheasamh, freagairt dóibh agus teacht slán astu. Cinntítear, mar sin, leanúnachas na bhfeidhmeanna criticiúla agus coinnítear muinín an phobail ar bun.

Tríd an straitéis seo a chur i bhfeidhm, feabhsófar staid chibearshlándála Fiosrú trí rialuithe rioscabhunaithe agus comhréireacha a chur i bhfeidhm a bhainfidh cothromaíocht amach idir costais agus tairbhí. Feabhsóidh na rialuithe sin cosaint eastát na heagraíochta agus cuirfidh siad struchtúr ar fáil chun tionscnaimh teicneolaíocha na todhchaí a lorg go hiomchuí.

Chun cur chuige dea-chleachtais a chinntiú, déanfar córas bainistithe slándála faisnéise na heagraíochta a ailíniú le creataí a aithnítear ar fud an domhain agus le Treoir NIS2 ón Aontas Eorpach.

## Ráiteas Straitéise

Faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, ceanglaítear ar Fiosrú Ráiteas Straitéise trí bliana a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire a luaithe agus is praiticiúil tar éis lá bunaithe Fiosrú. In 2025, d’fhoilsigh Fiosrú a dhréacht-Ráiteas Straitéise 2026-2028 le haghaidh comhairliúchán poiblí.

Bhí ár gcuspóirí reachtúla agus ár sainordú mar bhonn eolais don dréacht. Léirigh sé caidreamh fairsing le raon leathan páirtithe leasmhara agus ball foirne. Dearadh an Ráiteas Straitéise chun cuidiú leis an eagraíocht ullmhú go straitéis do na deiseanna agus dúshláin amach romhainn agus chun tacú le soláthar feidhmeanna reachtúla Fiosrú. Tuairisceofar an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise i dTuarascálacha Bliantúla Fiosrú a chuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Nochtaí Cosanta Inmheánacha

Tá Fiosrú tiomanta tacú le baill foirne ar mian leo nochtadh cosanta a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). Tá Beartas Fiosrú um Nochtaí Cosanta Inmheánacha le fáil ar ár suíomh gréasáin. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta inmheánach chuig Fiosrú sa tréimhse 1 Aibreán go 31 Nollaig 2025.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar Fiosrú le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú le faisnéis faoin líon nochtaí cosanta a rinneadh chuige sa bhliain roimhe, agus faoin ngníomh a rinneadh mar fhreagairt ar nochtaí cosanta den sórt sin.

## Iarrataí ar Fhaisnéis

Is é Aonad Cosanta Sonraí agus Rialachais Fiosrú a dhéileálann le hiarrataí ar fhaisnéis a dhéantar faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Tá an t-aonad freagrach as:

- a chinntiú go bhfreagraítear d'iarrataí um chosaint sonraí agus ar Shaoráil Faisnéise (FOI) laistigh de na teorainneacha ama a éilítear;
- feasacht faoi nithe a bhaineann le cosaint sonraí, FOI agus príobháideachas a ardú laistigh de Fiosrú;
- comhairle faoi chosaint sonraí a chur ar an bhfoireann;
- a chinntiú go gcloíonn Fiosrú lena oibleagáidí reachtúla;
- aighneachtaí a ullmhú mar fhreagra ar cheisteanna parlaiminte.

Fuair Fiosrú 39 iarraidh FOI sa tréimhse tuairiscithe. Bhain formhór na n-iarrataí le faisnéis arna coinneáil i gcás-chomhaid Fiosrú. Mar gheall nach gclúdaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise na comhaid in imscrúdú nó comhaid ghearáin, diúltaíodh do na hiarrataí sin. Deonaíodh ceithre iarraidh FOI agus deonaíodh naoi gcinn go páirteach. Ba ó dhaoine den phobal a tháinig formhór na n-iarrataí FOI (14). Tháinig 13 iarraidh FOI eile ó ghearánaigh. Tháinig iarrataí ó iriseoirí, gardaí, aturnaetha agus gnó/grúpa leasa freisin.

Fuair Fiosrú ceithre iarraidh ar athbhreithniú inmheánach ar chinntí a bhain le diúltú do rochtain ar thaifid i gcomhaid imscrúdaithe nó gearáin. Níor tarchuireadh aon iarraidh FOI a rinneadh chuig Fiosrú go dtí Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC).

Fuair Fiosrú 97 iarraidh ar shonraí sa tréimhse tuairiscithe. Ina theannta sin, phléigh an tAonad Cosanta Sonraí agus Rialachais le 17 cheist faoi chomhairle maidir le sonraí ó chomhghleacaithe in Fiosrú.

Dhéileáil Fiosrú, ar leithligh, le dhá iarraidh ar fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, dhá uiríoll ó chomhaltaí Thithe an Oireachtais agus 54 aighneacht mar fhreagra ar cheisteanna parlaiminte.

Maidir le hiarrataí ar fhaisnéis ó iriseoirí taobh amuigh den phróiseas FOI, déileálann Aonad Cumarsáide Fiosrú leo trí sheirbhís ar éileamh atá oscailte 24 uair sa lá. D'fhreagair an t-aonad do 153 cheist ó na meáin sa tréimhse tuairiscithe.

| Iarrataí ar fhaisnéis | Líon |
|---|---|
| Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 39 |
| Iarrataí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 | 97 |
| Iarrataí ar fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce | 2 |
| Aighneachtaí mar fhreagairt ar Cheisteanna Parlaiminte | 54 |
| Aighneachtaí ó chomhaltaí an Oireachtais | 2 |
| Ceisteanna ó na Meáin | 139 |

## Faisnéis do Chomhaltaí an Oireachtais

I gcomhréir le Ciorclán 25 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, 2016,tá bosca poist tiomnaithe ag Fiosrú chun fiosrúcháin faoi fhaisnéis a fháil ó chomhaltaí an Oireachtais agus chun aiseolas a fháil.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Lean Fiosrú ar aghaidh lena thuras chuig inbhuanaitheacht níos fearr in 2025. Ón mbliain tagarmhairc 2008, tá laghdú 63% tagtha ar ídiú fuinnimh Fiosrú agus laghdú 62% ar astaíochtaí carbóin. I mí Aibreáin 2025, tugadh aitheantas don dul chun cinn sin nuair a bhronnadh an Gradam le haghaidh Dul Chun Cinn Optimising Power @ Work ó Oifig na nOibreacha Poiblí ar Fiosrú mar aitheantas ar an gclochmhíle sábhála fuinnimh 60% a bheith bainte amach ag an eagraíocht.

## Foireann Ghlas na mBall Foirne

In 2025, chuir Fiosrú leis an mballraíocht i bhFoireann Ghlas na mBall Foirne agus chuir béim athnuaite ar rannpháirtíocht na mball foirne agus ar thionscnaimh inbhuanaitheachta.

Mar aitheantas go bhfuil ról lárnach ag cultúr chun athrú buan a bhaint amach, chuir an Fhoireann Ghlas daoine, rannpháirtíocht agus freagracht chomhroinnte i gcroílár a clár don bhliain.

San áireamh i ngníomhaíochtaí na Foirne Glas bhí seiceáil agus iniúchadh fuinnimh taobh amuigh d'uaireanta oibre, rud a d'ardaigh feasacht faoi úsáid fuinnimh san oíche agus ar an deireadh seachtaine, agus a léirigh an chaoi a bhféadfaidh coigilteas mór teacht as athruithe beaga ar iompraíocht. Chun an Uair ar son an Domhain a chomóradh, rinneadh suirbhé ar na baill foirne faoina ngnáthaimh i dtaobh soilse agus trealamh a mhúchadh. Baineadh úsáid as na torthaí mar bhonn eolais d'iarrachtaí leanúnacha Fiosrú i dtaobh tosaíocht chomhroinnte, fheiceálach agus laethúil a dhéanamh den éifeachtúlacht fuinnimh ar fud na heagraíochta. An toradh ar an bhfeachtas Dul Suas na Céimeanna Le Chéile ná méadú leanúnach ar an úsáid a bhain na baill foirne as staighre in oifig cheithre stór Fiosrú i mBaile Átha Cliath, rud a thug mar bhuntáistí méadú ar aclaíocht agus laghdú ar an ídiú fuinnimh.

## An Ghaeilge

Tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 i bhfeidhm an 13 Márta 2023 agus roinnt feabhsúchán ann maidir le húsáid na Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí. Is comhlacht poiblí é Fiosrú chun críoch na reachtanna, faoi na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019.

I measc na ngníomhartha atá déanta ag Fiosrú chun ár seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge tá:

- Is féidir leis an bhfoireann ghearán déileáil le fiosrúcháin i nGaeilge ar an bhfón.
- Freagraítear i nGaeilge do chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge maidir le gearáin agus gardaí.
- Tá leagan Ghaeilge d'fhoirm ghearán Fiosrú ar fáil ar an suíomh gréasáin.
- Foilsítear leaganacha Gaeilge de thuarascálacha corparáideacha, lena n-áirítear Tuarascálacha Bhliantúla agus Ráitis Straitéise.

## Cearta an Duine

Tá Fiosrú tiomanta seirbhísí a sholáthar a chuireann deireadh le hidirdhealú, a chuireann comhionannas deiseanna chun cinn agus a chosnaíonn cearta daonna na foirne go léir agus na ndaoine go léir dá soláthraítear na seirbhísí. Tugtar an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí é sin agus is oibleagáid dhlíthiúil é a luaitear in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

D'fhonn cultúr láidir um chearta an duine agus comhionannas a leabú ar fud na heagraíochta, tá sé mar aidhm ag Fiosrú a chinntiú go gcosnaítear cearta bunúsacha gach duine lena ndéanaimid caidreamh, agus go mbíonn ár bpróisis chinnteoireachta cóir, cothromaithe agus breithnithe go cúramach.

Chun tacú leis an ngealltanas sin, d'oibrigh Fiosrú i gcomhar le saineolaithe um chearta an duine in 2025 chun Creat tiomnaithe um Chearta an Duine agus uirlis scagthástála a chruthú, le húsáid ag na baill foirne go léir i ngach ceann dá bhfeidhmeanna. Bhí obair fós ar bun ar na hacmhainní sin ag deireadh 2025. Beidh an togra seo mar bhunchloch dár gcuid oibre agus dár gcleachtas laethúil amach anseo. Beidh sé mar bhonn eolas d'oiliúint na foirne freisin.

Leanadh le hoiliúint bhreise a chur ar na baill foirne faoin bPrótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na NA in aghaidh na Céastóireachta (OPCAT) in 2025, in éineacht leis an modúl ar Phóilíneacht agus Cearta an Duine a chuirtear ar fáil do na baill foirne go léir ar Leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, trí Ollscoil Luimnigh.

# Maoiniú agus Riarachán

Tar éis thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 an 2 Aibreán 2025, bunaíodh Fiosrú - Vóta 46. In 2025, maoiníodh Fiosrú go díreach ag an Státchiste mar chuid den leithdháileadh bliantúil de Chaiteachas Vótáilte le haghaidh Vóta 46. Is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta Fiosrú agus, sa cháil sin, is í atá cuntasach don Oireachtas i ndáil leis an maoiniú go léir a vótáiltear le haghaidh Fiosrú chun seirbhísí a sholáthar.

## Caiteachas 2025

Tugtar an caiteachas iomlán le haghaidh Fiosrú sa bhliain 2025 sa tábla seo a leanas, agus léirítear oibleagáid Fiosrú chun faisnéis airgeadais a ullmhú le haghaidh tréimhse 12 mhí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025. Bunaíodh Fiosrú an 2 Aibreán 2025.

Rinneadh an caiteachas a tabhaíodh le haghaidh GSOC don tréimhse 1 Eanáir go dtí 1 Aibreán 2025 ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt a aisíoc le Vóta na Roinne Dlí agus Cirt ó Vóta Fiosrú in 2025.

Tá na figiúirí seo faoi réir iniúchta ag Oifige an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. B'ionann an t- ollchaiteachas le haghaidh Fiosrú in 2025 agus €19,260 milliún. Bhain €13,231 milliún de sin le pá, agus ba é sin 69% den chaiteachas iomlán le haghaidh 2025. Bhain an €6,029 milliún eile, arbh ionann é agus 31% den chaiteachas iomlán le haghaidh 2025, le caiteachas neamhphá.

### Fiosrú Expenditure

| Catagóir | Fo-cheannteideal Caiteachais | Caiteachas 2025 €000 |
|---|---|---|
| Pá | i - Tuarastail, pá & liúntais | 13,231 |
| Neamhphá | ii - Taisteal & Cothabháil | 167 |
| | iii - Oiliúint & Forbairt | 379 |
| | iv - Oibríochtaí, seirbhísí, soláthairtí & trealamh éagsúil | 1657 |
| | v- Infheistíocht chaipitil dhigiteach & costais TF | 1603 |
| | vi - Costais Áitreabh | 2223 |
| | vii – Athbreithnithe ar bheartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde | - |
| **Iomlán** | | **€19,260** |

**1 Eanáir 2025 - 31 Nollaig 2025**

### Costais Dhlíthiúla

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar íocaíochtaí agus costais in 2025 a bhain le himeachtaí dlí agus socraíochtaí.

| Íocaíochtaí/costais a d'íoc Fiosrú sa bhliain | | | |
|---|---|---|---|
| | Éilimh ó | | Iomlán |
| | Fostaithe | Daoine den phobal | 2025 |
| Líon cásanna | - | 46 | 46 |
| | € | € | € |
| Costais dlí Fiosrú | - | 266,733 | 266,733 |
| Íocaíochtaí ó/ thar ceann Fiosrú | | | |
| Cúiteamh | - | - | - |
| Costais Dhlíthiúla | - | 28,376 | 28,376 |
| **Iomlán 2025** | **-** | **295,109** | **295,109** |

**1 Eanáir 2025 - 31 Nollaig 2025**

## Táillí, Tuarastail agus Speansais

Tugtar luach saothair d'fhostaithe Fiosrú i gcomhréir le scálaí tuarastail na státseirbhíse de réir mar is cuí dá ngrád agus dá seirbhís. Ba é €13,231 milliún an costas iomlán párolla do Fiosrú in 2025. Bhí 172 ball foirne ag Fiosrú amhail an 1 Eanáir 2025, agus méadaíodh é sin go dtí 183 faoin 31 Nollaig 2025.

## Sochar Fostaithe

Léirítear sa tábla a leanas an líon fostaithe ar thit a sochar iomlán laistigh de gach ceann de na bandaí pá. Áirítear le sochar fostaithe tuarastal, liúntais, ragobair agus costais phinsin an fhostóra, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra iontu.

| Bandaí Pá € | Líon Fostaithe |
|---|---|
| Ó Go | 2025 |
| €20,000 - €59,999 | 83 |
| €60,000 - €69,999 | 23 |
| €70,000 - €79,999 | 34 |
| €80,000 - €89,999 | 14 |
| €90,000 - €99,999 | 12 |
| €100,000 - €109,999 | 7 |
| €110,000 - €119,999 | 2 |
| €120,000 - €129,999 | 5 |
| €130,000 - €139,999 | - |
| €140,000 - €149,999 | - |
| €150,000 - €159,999 | - |
| €160,000 - €169,999 | 1 |
| €170,000 - €179,999 | - |
| €180,000 - €189,999 | - |
| €190,000 - €199,999 | - |
| €200,000 - €209,999 | 1 |

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Comhlíonann Fiosrú téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 go hiomlán. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fiosrú lena chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugann siad ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán in aghaidh neamh-chomhlíonta ábhartha leis an Acht. In 2025, thabhaigh sonrasc amháin pionóis as íoc déanach. Ba é €40.08 (comhdhéanta de €0.08 in ús agus €40 i gcúiteamh) an méid iomlán pionós a íocadh le linn 2025 mar thoradh ar íocaíochtaí déanacha.

# Forbairt Eagraíochtúil agus For-rochtain

Ár bhFoireann a Fhorbairt 49
Ceangal agus Caidreamh 51

# Ár bhFoireann a Fhorbairt

Cuid thábhachtach de straitéis Fiosrú é a chinntiú go bhfuil an cultúr, an muinín agus an cumas ag baill foirne Fiosrú chun formhaoirsiúchán póilíneachta ardcháilíochta agus neamhspleách a dhéanamh. Déanaimid é sin trína chinntiú go gcuirimid am agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil ionas go mbeidh na baill foirne in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama agus forbartha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Trí infheistíocht na mball foirne sna gníomhaíochtaí sin, le tacaíocht ón eagraíocht agus ó na ceannairí, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhféadfaidh na baill foirne freastal ar riachtanais Fiosrú inniu agus amach anseo, agus dul chun cinn a dhéanamh ar a ngairmeacha féin ag an am céanna.

Sa tréimhse tuairiscithe seo, eagraíodh raon leathan gníomhaíochtaí foghlama foirmiúla. B'ionann an méid iomlán ama a chaith ár bhfoireann ar ghníomhaíochtaí foghlama agus forbartha sa tréimhse tuairiscithe agus 1,120 lá. Is méadú 30% é sin i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024, méadú bliain ar bhliain eile ó 2023. Eagraíodh 207 seisiún ar leithligh le linn na tréimhse, méadú 18% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024.

Tá raon leathan fearann a bhaineann go sonrach le róil agus ceannaireacht i gceist le deiseanna foghlama agus forbartha a chur ar fáil san réimsí Imscrúduithe, Cásobair agus Riaracháin.



Ombudsman Póilíneachta Emily Logan ag cur i láthair do bhaill foirne Fiosrú in Ollscoil Luimnigh).

## Ionduchtú Imscrúdaitheoirí agus Tacaíochtaí Meantóireachta

Cuid ríthábhachtach de sheirbhís leanúnach agus éifeachtach a sholáthar é a chinntiú go gcuirtear eolas cuimsitheach faoina ról ón tús do na baill foirne a dhéanann imscrúduithe, ar a dtugtar Oifigigh Ainmnithe (AO). Le linn 2025, d'fhorbraíomar agus sheolamar ár gclár ionduchtaithe sé mhí do gach AO cúnta nua agus gach AO nua. Dearadh an clár go hinmheánach chun an t-eolas, na scileanna agus an mhuinín a thabhairt do dhaoine nua sa ról le go mbeadh siad in ann an ról a chomhlíonadh. Léiríonn an t-aiseolas dearfach a fuaireamar ó rannpháirtithe a fuair ardú céime inmheánach agus ó na daoine a earcaíodh chuig an ról cineál comhoibríoch na meantóirí inmheánacha agus na saineolaithe ar an ábhar agus an tacaíocht a thug siad.

## Earcaíocht

Bhí earcaíocht ina príomhábhar do Fiosrú in 2025, chun folúntais agus róil nuachruthaithe a líonadh. Earcaíodh 28 ball foirne nua sa tréimhse tuairiscithe. Reáchtáladh líon mór comórtas inmheánach chun deiseanna ardú céime a thabhairt do na baill foirne a bhí ann cheana féin. Reáchtáil Fiosrú an chéad Chomórtas Oscailte faoina cheadúnas féin in 2025.

Amhail ar an 31 Nollaig 2025, bhí 183 ball foirne fostaithe ag Fiosrú, líon a léirigh méadú 12 fostaí i gcomparáid le deireadh 2024.

**207** SEISIÚN OILIÚNA DO NA BAILL FOIRNE +18%

## Príomh-Thionscnaimh agus Mórghníomhartha

Trí sraith tionscnamh straitéiseach tréimhse tuairiscithe, bhí ról lárnach ag Foghlaim agus Forbairt chun ár luachanna a leabú, chun ceannaireacht a threisiú, agus chun cumas, rannpháirtíocht agus folláine na mball foirne a fheabhsú. Rinneamar clár suntasach oibre a dhearadh i gcomhar leis an bhForas Riaracháin, bunaithe ar ár réimsí tosaíochta laistigh de Chóras Inniúlachta na Státseirbhíse. Áiríodh ar na tionscnaimh:

### Teastas Iarchéime uathúil ar Fhormhaoirsiú i bhForfheidhmiú an Dlí

Chun tuiscint leanúnach agus threisithe ar ról Fiosrú i measc ár mball foirne a chruthú, chuaigh Fiosrú i gcomhpháirt le hOllscoil Luimnigh chun Teastas Iarchéime uathúil i bhFormhaoirsiú ar Fhorfheidhmiú an Dlí a chruthú.

Áirítear ar na hábhair ann dlíthe agus caighdeáin um chearta an duine, chomh maith le cumhachtaí póilíní agus na dlíthe agus nósanna imeachta a bhaineann le himscrúduithe coiriúla san fhormhaoirsiú ar fhorfheidhmiú an dlí. Tá coinne againn leis go mbeidh tuilleadh muiníne ag an bpobal as ár n-inniúlacht agus as na seirbhísí a chuirimid ar fáil, mar gheall ar an gclár seo. Is féidir an clár saincheaptha a dhéanamh ina iomláine thar thréimhse dhá bhliain nó mar mhodúil ar leithligh, ag brath ar ról an duine. Cuireadh tús leis an gclár in 2025 agus ghlac 50 ball foirne as gach cuid dár n-eagraíocht páirt ann. Bunaíodh an clár tar éis comórtas oscailte.

### Cláir Shaincheaptha san Fhorbairt Ceannaireachta

Aithnímid a thábhachtaí atá ceannaireacht dár n-eagraíocht. Chun muid féin a réiteach do dhúshláin an lae inniu agus a ullmhú don todhchaí, tá an inniúlacht ceannaireachta sin á fhorbairt againn ar roinnt mhaith leibhéal. Le linn 2025, chuireamar tús le clár forbartha ceannaireachta lenár bhFoireann Ceannaireachta Sinsearaí (FCS). Diagnóisic agus faisnéisiú le daoine aonair agus le foirne a bhí i gceist leis sin, lenar áiríodh réimsí tosaíochta a shainaithint don FCS. Tá sraith ceardlann a dhíreoidh ar thrí thosaíochtaí beartaithe le haghaidh 2026. Ar leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin/an Oifigigh Ainmnithe, tá clár ceannaireachta deartha againn i gcomhar leis an bhForas Riaracháin. Tá 4 lá cúrsa a reachtálfar thar thréimhse 3 mhí sa chlár seo. Tá sé bunaithe ar na réimsí laistigh de Chóras Inniúlachta na Státseirbhíse is airde tosaíochta do Fiosrú. Chuir dhá chohórt an clár i gcrích in 2025, agus tá níos mó cohórt beartaithe le haghaidh 2026.

Tá pleananna i bhfeidhm do thionscnaimh cheannaireachta agus forbartha pearsanta le haghaidh leibhéil eile san eagraíocht in 2026.

### Cúrsa d'Imscrúdaitheoirí Sinsearacha le Coláiste Póilíneachta na Ríochta Aontaithe

Chun teicnící imscrúdaitheacha, bainistiú straitéiseach agus cinnteoireacht chasta faoi bhrú a thabhairt chun cinn i measc na nOifigeach Ainmnithe Sinsearach (SDOnna), d'aimsíomar Clár Forbartha d'Oifigigh Imscrúdaithe Sinsearacha chun an fhorbairt a sholáthar a theastaíonn chun na caighdeáin a mbímid ag súil leo ónár SDOnna a bhaint amach. Soláthraítear an clár faoi choimirce Choláiste Póilíneachta na Ríochta Aontaithe. Chuir ochtar SDO an clár ceithre seachtaine seo i gcrích le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá an clár bunaithe againn anois mar chuid den chonair forbartha chuig an todhchaí le haghaidh gach SDO nuacheaptha agus iad sin a fhaigheann ardú céime chuig an ról.

Reáchtáladh raon leathan gníomhaíochtaí foghlama foirmiúla eile le linn na tréimhse tuairiscithe, agus gach ceann díobh i gcomhréir le riachtanais na heagraíochta, foirne agus daoine aonair, mar a sainaithníodh ag tús na bliana. Mar eagraíocht fhreagrúil agus sholúbtha, rinneamar ár gcláir a choigeartú chun freastal ar riachtanais shonracha a tháinig aníos le linn na bliana.

# Ceangal agus Caidreamh

Déanann Fiosrú caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara chun feasacht faoinár ngníomhaíochtaí agus ár seirbhísí a ardú agus chun foghlaim agus aiseolas a fháil faoi ionchais agus eispéiris. Mhéadaigh Fiosrú an caidreamh le páirtithe leasmhara - sa bhaile agus thar lear - le linn na tréimhse tuairiscithe seo in 2025.

Mí tar éis dó teacht i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2025, thug Fiosrú faisnéisiú do chomhaltaí an Oireachtais i dTeach Laighin. Mhínigh an tOmbudsman Póilíneachta sainordú Fiosrú agus na príomhfhorálacha ina reacht bunaidh, an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

I mí Dheireadh Fómhair, thug an tOmbudsman Póilíneachta eochairóráid do lucht éisteachta ag an tSeachtain Idirnáisiúnta Díospóidí i mBaile Átha Cliath, ócáid bhliantúil a eagraíonn togra an Rialtais, Ireland for Law chun dlí na hÉireann agus seirbhísí dlíthiúla na hÉireann a chur chun cinn ar an ardán domhanda.

I mí Dheireadh Fómhair, chuir Fiosrú fáilte roimh chuairt Choimisinéir an Gharda, Justin Kelly, ar cheannoifig Fiosrú i mBaile Átha Cliath. Deis a bhí sa chuairt chun tosaíochtaí formhaoirsiúcháin a phlé agus caidrimh oibre nua a chothú.

Déanann an Leas-Ombudsman Póilíneachta Brian Doherty ionadaíocht ar Fiosrú mar eagraíocht neamhspleách ag cruinnithe ráithiúla arna dtionól ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) i ndáil leis an bPrótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na NA in aghaidh na Céastóireachta (OPCAT).

Rinne Fiosrú caidreamh le comhlachtaí ionadaíocha an Gharda le linn na bliana, lenar áiríodh ag seimineár a d'eagraigh Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána i mí Dheireadh Fómhair, áit ar thug an Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty, cur i láthair faoi obair Fiosrú, a chumhachtaí reachtúla nua agus a shainordú nua.

D'fhreastail baill foirne Fiosrú ar chruinnithe an Líonra Oifigeach Idirchaidrimh na hEarnála Dlí agus Cirt d'Íospartaigh.



An tOmbudsman Póilíneachta, Emily Logan, in éineacht leis an Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty agus an POF, Sheila McClelland, ag cur fáilte roimh Choimisinéir an Gharda, Justin Kelly, chuig ceannoifig Fiosrú i mBÁC i mí Dheireadh Fómhair.



An tOmbudsman Póilíneachta, Emily Logan agus an tIar-Uachtarán, Micheál D. Ó hUigínn, tar éis chomhórtas oscailte agus rúin sa dá Theach den Oireachtas. Cheap an tUachtarán Ó hUigínn Emily Logan mar Ombudsman Póilíneachta an 2 Aibreán 2025.

## Caidreamh Idirnáisiúnta

An t Ombudsman Póilíneachta a stiúrann clár caidrimh idirnáisiúnta Fiosrú. Comhoibriú agus dea-chleachtas a chomhroinnt san Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta atá i gceist leis an gclár.

I measc na n-eagraíochtaí ballraíochta gairmiúla a bhfuil baint ag Fiosrú leo tá Líonra na hEorpa um Údaráis Ionracais agus Sceithireachta (NEIWA); An Líonra Údarás Neamhspleách um Ghearáin faoi Phóilíní (IPCAN) agus Comhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta (EPAC).

Thapaigh roinnt mhaith comhghleacaithe an deis chun feasacht faoi obair Fiosrú a ardú le linn na bliana, agus iad ag labhairt ag comhdhálacha iomráiteacha. I mí na Samhna, labhair an Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty, ag an 24ú comhdháil bhliantúil EPAC/EACN sa Háig. Is líonra neamhspleách agus neamhfhoirmiúil é EPAC – Comhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta – lena dtugtar le chéile breis agus 70 údarás frith-éillitheachta agus comhlachtaí formhaoirsiúcháin póilíneachta as tíortha is comhaltaí de Chomhairle na hEorpa. Is líonra foirmiúil de bhreis agus 50 údarás frith-éillitheachta as ballstáit an Aontais Eorpaigh é EACN – Líonra Pointí Teagmhála na hEorpa in aghaidh na hÉillitheachta.

I mí na Nollag, ghlac an tOmbudsman Póilíneachta, Emily Logan agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty, páirt i seimineár faoi leanaí agus daoine óga sa phóilíneacht arna eagrú ag an Líonra Údarás Neamhspleách um Ghearáin faoi Phóilíní (IPCAN). Le linn a gcuairte, bhuail an tOmbudsman Póilíneachta agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta le hAmbasadóir na hÉireann chun na Fraince, an tUas. Niall Burgess, chun faisnéis faoi obair Fiosrú a thabhairt dó.

Tá Fiosrú ina bhall de Chomhlachas Ombudsman uile-Éireann. I mí an Mheithimh, d'fhreastail an tOmbudsman Póilíneachta, an POF agus baill foirne sinsearacha ar chomhdháil i mBéal Feirste a d'eagraigh an Comhlachas Ombudsman.



An tOmbudsman Póilíneachta, Emily Logan agus an Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty, in éineacht le Niall Burgess, Ambasadóir na hÉireann chun na Fraince, i bPáras i mí na Nollag.




I mí na Samhna, bhuail an tOmbudsman Póilíneachta Emily Logan le Gunda Wössner, an dara Leas-Uachtarán ar an gCoiste Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT).




I mí na Samhna, d'fhreastail an Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty agus Leas-Stiúrthóirí Oibríochtaí, Gary Croke (ar dheis) agus Dave Grant (ar chlé) ar an 24ú Comhdháil Bhliantúil Ghairmiúil de chuid EPAC/ EACN sa Háig.



I mí Dheireadh Fómhair, thug an tOmbudsman, Póilíneachta Emily Logan, an eochairóráid ag comhdháil bhliantúil na Seachtaine Idirnáisiúnta Díospóidí i mBaile Átha Cliath. Sa ghrianghraf: An tOmbudsman Póilíneachta, Emily Logan, le cainteoirí, ina measc cathaoirleach Comhairle Bharra na hÉireann, Seán Guerin SC (sa lár).

## An Chéad Tuarascáil Taighde ag Fiosrú

Sheol Fiosrú a chéad tuarascáil taighde, Teagmhais inar tharla Bás nó Díobháil Thromchúiseach in 2024 i mí na Nollag. Tugadh cuntas sa tuarascáil ar theagmhais a bhain le teagmháil le gardaí agus inar bhásaigh duine den phobal nó inar gortaíodh duine den phobal go tromchúiseach. Déanann Fiosrú imscrúdú ar gach teagmhas den sórt sin tar éis iad a bheith tarchurtha ag an nGarda Síochána.

Fuair Fiosrú 37 tarchur ón nGarda faoi theagmhais thromchúiseacha in 2024, inar bhásaigh 21 duine agus inar gortaíodh 21 duine eile. Caithfidh foirne imscrúdaitheacha ar éileamh de chuid Fiosrú ar fud na tíre mearfhreagairt a thabhairt ar theagmhais den sórt sin, agus bíonn speisialtóirí idirchaidrimh teaghlaigh rannpháirteach go minic freisin. Cuireadh ceisteanna sa tuarascáil faoi acmhainneacht na ngardaí freagairt do theagmhais den sórt sin agus cibé an é An Garda Síochána an tseirbhís phoiblí is iomchuí le freagairt orthu in imthosca ina bhfuil daoine leochaileach nó ina bhfuil géarchéim ag baint dóibh.

Rinneadh clúdach mór ar an seoladh ag teilifís agus raidió RTÉ, Virgin Media, an stáisiún raidió Newstalk, agus nuachtáin náisiúnta.

## Sna Meáin

Tugann Fiosrú tús áite do chaidreamh soiléir agus rialta leis na meáin náisiúnta agus réigiúnacha – is cainéil thábhachtacha iad don eagraíocht chun cumarsáid a dhéanamh le daoine den phobal agus le príomhpháirtithe leasmhara faoinár gcuid oibre agus faoin tionchar a bhíonn aige.



An tOmbudsman Póilíneachta, Emily Logan, ag labhairt le hiriseoirí craoltóireachta ag seoladh chéad tuarascáil taighde Fiosrú, Teagmhais inar tharla Bás nó Díobháil Thromchúiseach in 2024, i mí na Nollag.




An Leas-Ombudsman Póilíneachta, Brian Doherty, an tOllamh Yvonne Daly, an tOmbudsman Póilíneachta, Emily Logan agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fiosrú, Sheila McClelland, ag seoladh chéad tuarascáil taighde Fiosrú, Teagmhais inar tharla Bás nó Díobháil Thromchúiseach in 2024 i mí na Nollag.

## An Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta

Príomhthosaíocht do Fiosrú é a chinntiú go bhféadfaidh daoine den phobal rochtain a dhéanamh ar fhaisnéis iontaofa faoinár seirbhísí láimhseála gearán ar bhealaí inrochtana éagsúla, nuair a theastaíonn sin uathu.

Chuaigh suíomh gréasáin nua Fiosrú, www.fiosrú.ie, beo i mí Aibreáin 2025. Tá sé deartha chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú agus chun faisnéis inrochtana a chur ar fáil i dteanga shimplí. Tá sé mar aidhm ag leathanach Fiosrú ar LinkedIn ceangail ghairmiúla a chothú agus feasacht faoi ról Fiosrú agus faoi na deiseanna laistigh de Fiosrú a chothú.



# Aguisíní

Aguisín A: Gearáin a Tharchuir Fiosrú lena Réiteach ag an nGarda Síochána 55

Aguisín B: Ionchúisimh a d’Ordaigh an DPP 57

Aguisín C: Torthaí Cásanna Coiriúla a Cinneadh sa Chúirt 58

Aguisín D: Próifíl na nGearánach 2025 59

Aguisín E: Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais 63

# Aguisín A: Gearáin a Tharchuir Fiosrú lena Réiteach ag an nGarda Síochána

Tá oibleagáid ar Choimisinéir an Gharda faoi alt 201(6) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 tuairisciú don Ombudsman Póilíneachta go heatramhach faoi nithe a bhaineann leis na socruithe chun gearáin atá oiriúnach lena réiteach ag an nGarda Síochána a láimhseáil. Faoi alt 201(7), féadfaidh an tOmbudsman Póilíneachta tuarascáil uile nó cuid de thuarascáil a fuair sí a fhoilsiú. Cuimsítear an tréimhse tuairiscithe 2 Aibreán go 31 Nollaig 2025 sna táblaí faoi réiteach gearán.

| Torthaí na ngearán a tharchuir Fiosrú chuig an nGarda Síochána lena réiteach | Líon Iomlán |
|---|---|
| Faisnéis tugtha don ghearánach | 162 |
| Míniú tugtha don ghearánach | 124 |
| Dearbhú tugtha don ghearánach | 79 |
| Leithscéal tugtha ag an ngarda i gceist | 11 |
| Leithscéal thar ceann an Gharda Síochána | 25 |
| Treoir tugtha do Gharda | 73 |
| Oiliúint curtha ar Gharda | 3 |
| Níor réitíodh an gearán | 35 |
| Níor seasadh leis an ngearán | 74 |
| Réitíodh an geará (eile) | 65 |
| Dúnadh an gearán (níorbh fhéidir é a chur i gcrích) | 74 |

**Féadfaidh níos mó ná toradh amháin a bheith ag gearán amháin**

## Aguisín A: Gearáin a Tharchuir Fiosrú lena Réiteach ag an nGarda Síochána

| Catagóirí i nGearáin a Tharchuir An Garda Síochána chuig Fiosrú | Líon sa Chatagóir |
|---|---|
| Mainneachtain nithe a imscrúdú i gceart, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do: ionsaithe, damáiste coiriúil, calaois agus imbhuailtí neamh-mharfacha tráchta ar bhóthar | 244 |
| Míchúirtéis | 217 |
| Mainneachtain freagairt d'iarrataí ar theagmháil agus nuashonruithe a thabhairt, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do: iarrataí trí chomhfhreagras scríofa, ríomhphoist, ar an láthair agus glaonna gutháin | 198 |
| Feidhmiú éagórach nó éagothrom cumhachtaí an Gharda agus/nó mí-úsáid údaráis agus cumhachtaí nó tionchar an Gharda á bhfeidhmiú | 95 |
| Deacrachtaí le maoin phearsanta a fháil ar ais | 46 |
| Mainneachtain freagairt do theagmhais, ag brath ar thromaíocht an teagmhais agus aon éifeacht dhochrach | 39 |
| Deacrachtaí i dtaobh dul chun cinn ar ábhair nós imeachta, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do: iarratais ar cheadúnas gunna, iarratais ar thuarascálacha faoi imbhuailtí tráchta ar bhóthar, iarratais ar cheadúnas tiomána SPSV | 28 |
| Mainneachtain teagmhais a thaifeadadh ar Pulse | 28 |
| Míchruinneas faisnéise ar chórais/i ndoiciméad an Gharda | 20 |
| Mainneachtain nuashonruithe a thabhairt i dtaobh imeachtaí cúirte | 14 |
| Mainneachtain leanúnach, i dtuairim an phobail, i dtaobh dul i ngleic le fadhbanna ord poiblí, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d'iompar frithshóisialta | 11 |
| Mainneachtain ag garda é féin nó í féin a chur i láthair mar gharda agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu | 9 |
| Gan aon chomhalta ag an deasc poiblí i stáisiún Garda nó fanacht tamall fada i stáisiún Garda sular labhair Garda le duine | 8 |
| Mainneachtain an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 a chur ar fáil | 6 |
| Páirceáil feithiclí an Gharda i gcásanna nach cásanna éigeandála iad | 4 |
| Cur i bhfeidhm mícheart nó éagothrom na scéime um Fholáireamh do Dhaoine Fásta nó Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána | 1 |
| Damáiste do mhaoin | 1 |
| Gearáin go raibh cuma mhíshlachtmhar ar garda agus é/í ar dualgas, nó go raibh éide air/uirthi in áit phoiblí gan é/í a bheith ar dualgas | 0 |

**2 Aibreán - 31 Nollaig 2025**
**Féadfaidh níos mó ná catagóir amháin a bheith i ngearán amháin**

# Aguisín B: Ionchúisimh a d'Ordaigh an DPP

Leagtar amach sa tábla seo na cúisimh sna 15 ionchúiseamh a d'ordaigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i dtaobh comhaid imscrúdaithe Fiosrú sa tréimhse tuairiscithe an 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025. Bhí níos mó ná cúiseamh amháin i gceist le roinnt ionchúiseamh.

| Ionchúisimh a d'ordaigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí |
|---|
| 1. Cúisíodh garda i dtiomáint chontúirteach contrártha d'alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 |
| 2. Cúisíodh garda in ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus i bpríosúnú neamhdhleathach contrártha d'alt 15 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| 3. Cúisíodh beirt ghardaí in ionsaí is cúis le díobháil contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| 4. Cúisíodh garda i ionsaí is cúis le díobháil contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| 5. Cúisíodh garda i dtiomáint chontúirteach contrártha d'alt 52 den Acht um um Thrácht ar Bhóithre (arna leasú) |
| 6. Cúisíodh garda i ionsaí is cúis le díobháil contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| 7. Cúisíodh garda in ionsaí contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 |
| 8. Cúisíodh garda in ionsaí contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 |
| 9. Cúisíodh garda in ionsaí contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| 10. Cúisíodh garda i dtiomáint chontúirteach contrártha d'alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (arna leasú) |
| 11. Cúisíodh garda in ionsaí is cúis le díobháil contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| 12. Cúisíodh garda in ionsaí is cúis le díobháil contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| 13. Cúisíodh garda i gcúiseamh amháin de bhuirgléireacht contrártha d'alt 12 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001; in dhá chúiseamh de dhamáiste coiriúil contrártha d'alt 2(1) den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991; i gcúiseamh amháin d'ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997; agus i gcúiseamh amháin de chumarsáid bhagrach nó róghráiniúil a scaipeadh, a fhoilsiú nó a sheoladh contrártha d'alt 4(1)(a)(ii) den Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020. |
| 14. Cúisíodh garda i dtiomáint chontúirteach is cúis le bás contrártha d'alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre (arna leasú) agus i sárú dualgas nuair a tharlóidh tionóisc contrártha d'alt 106 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1691 (arna leasú) |
| 15. Cúisíodh garda i two counts of disclosure of personal data obtained without authority under section 145 of the Data Protection Act 2018 |

**2 Aibreán - 31 December 2025**

# Aguisín C: Torthaí Cásanna Coiriúla a Cinneadh sa Chúirt

Sa tábla seo, tugtar torthaí na ndeich gcás choiriúla a cinneadh sa chúirt sa tréimhse tuairiscithe a d'eascair as imscrúduithe Fiosrú.


**Cinntí Cúirte**


| Treoir tugtha chun ionchúiseamh a dhéanamh | Toradh |
|---|---|
| 1. Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | Foláireamh duine fásta tugtha do gharda agus scriosadh amach an cúiseamh |
| 2. Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | Cuireadh alt 1(1) den Probation of Offenders Act, 1907 i bhfeidhm maidir le garda agus íocadh €1,000 le carthanas |
| 3. Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | Cuireadh alt 1(1) den Probation of Offenders Act, 1907 i bhfeidhm maidir le garda agus íocadh €1,000 leis an bpáirtí díobháilte agus €500 leis an gCúirt |
| 4. Tiomáint chontúirteach contrártha d'alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 | Ciontaíodh garda i dtiomáint neamhaireach agus gearradh fíneáil €500 ar an ngarda. Níor forchuireadh aon ordú dícháilíochta |
| 5. Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | Cuireadh alt 1(1) den Probation of Offenders Act, 1907 i bhfeidhm agus íocadh €5,000 leis an bpáirtí díobháilte |
| 6. Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997; alt 2(1) den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991; alt 15 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | Éigiontaíodh beirt ghardaí agus díbheadh an cás |
| 7. Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 | Ciontaíodh garda in 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994. Díbheadh ionsaí faoi 2 tar éis na héisteachta. Scriosadh amach an cúiseamh faoi alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 ag céim na pianbhreithe tar éis gur íocadh €1,000 le carthanas |
| 8. Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 | Cuireadh alt 1(1) den Probation of Offenders Act, 1907 i bhfeidhm agus d'íoc garda €250 leis an gCúirt |
| 9. Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | Éigiontaíodh garda agus díbheadh an cás |
| 10. Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | Ar achomharc, tugadh Ordú Seirbhíse Pobail 60 uair an chloig do gharda (in ionad na pianbhreithe 4 mí). D'íoc an garda €10,000 leis an bpáirtí díobháilte |

**2 Aibreán - 31 December 2025**


# Aguisín D: Próifíl na nGearánach 2025

Ar gearán a chur isteach, iarrtar ar ghearánaigh suirbhé gan ainm a dhéanamh ar bhonn deonach. Tugann an suirbhé seo sonraí déimeagrafacha do Fiosrú faoi na daoine a úsáideann ár seirbhís mar bhonn eolais d'fheabhsúcháin na seirbhíse. D'fhreagair 606 gearánach don suirbhé sa tréimhse tuairiscithe ón 2 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2025. Ráta freagartha 22% é sin. Sna cairteacha thíos, tugtar próifíl na bhfreagróirí i raon catagóirí déimeagrafacha éagsúla.





## Náisiúntacht





## Cúlra eitneach nó cultúrtha





## Teanga




## Míchumas





## Reiligiún




## Stádas Tithíochta




## Oideachas




- Gan oideachas foirmiúil 1%
- Eile 6%
- Bunleibhéal 1%
- Dara Leibhéal 17%
- Tríú Leibhéal 75%

## Stádas Fostaíochta




- Fostaithe 66%
- Eile 6%
- Ar Scor 3%
- Féinfhostaithe 7%
- Oiliúnaí nó Mac Léinn 3%
- Gan bheith ar fáil don obair 5%
- Dífhostaithe 10%

# Aguisín E: Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

## Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Fiosrú córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil ar bun agus a oibriú.

Déanaim an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Oifigeach Cuntasaíochta.

Chomh maith leis sin, ní fhéadfaidh córas ar bith um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aithint go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánacha airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a éifeachtaí atá sé.

## Seirbhísí Comhroinnte

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i dtaobh cheanglais an Chomhaontaithe Bainistithe Seirbhísí idir Fiosrú agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar acmhainní daonna, párolla agus seirbhísí comhroinnte airgeadais.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar do Fiosrú.

## An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe atá comhdhéanta de na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach i bhfeidhm.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha ar rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mo fhreagrachtaí as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó taifeadta.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

## Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta tráthrialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm agus buiséad bliantúil a ndeánann an ardbhainistíocht athbhreithniú tráthrialta air.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistithe riosca i bhfeidhm in Fiosrú.
- Tá córais ann ar aidhm leo slándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte iomchuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistiú tionscadal.

## Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Fiosrú ina bhfuil pearsanra atá oilte go hiomchuí. Feidhmíonn sí i gcomhréir le cairt scríofa atá ceadaithe agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil Fiosrú nochta, agus tá a pleananna bliantúla don iniúchadh inmheánach, a cheadaím féin agus an Coiste Iniúchta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha ar bun agam lena chinntiú go ndéantar gníomh mar thoradh ar thuarascálacha ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

## Soláthar

Cinntíonn Fiosrú go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair chun gach conradh a bhronnadh, agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh leis na treoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus eile conradh in 2025 agus €5,862,000.

Níor bhronnadh aon chonradh ar soláthraíodh ar bhonn neamhiomaíoch é dar luach os cionn €25,000 sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

## Tionscadal Fiosrú um Chóras Cásbhainistíochta Nua

Tá próiseas ar bun ag Fiosrú faoi láthair chun Córas Cásbhainistíochta (CMS) nua a fháil agus a chur i bhfeidhm. Cuireadh an Córas Cásbhainistíochta (CMS) atá san eagraíocht faoi láthair i bhfeidhm in 2008, agus cé gur fhreastail sé go hiontaofa ar GSOC/Fiosrú, níl an fheidhmiúlacht, an éifeachtúlacht ná an t-ardchumas anailíse faisnéise nua-aimseartha aige atá riachtanach anois chun freastal ar riachtanais ghnó na heagraíochta atá a bhfuil éabhlóid ag teacht orthu. Cuireadh tús le tionscadal in 2022 chun CMS nua-aimseartha a chur ar fáil, a mbeadh gnéithe feabhsaithe aige le haghaidh Fiosrú. Reáchtáladh próiseas soláthair iomlán in 2023 agus tugadh díoltóir ar bord i mí na Bealtaine 2024. Bhí roinnt moilleanna agus deacrachtaí leis an díoltóir agus dá thoradh sin scoireadh de chur i bhfeidhm an díoltóra in 2024, agus cuireadh deireadh le conradh an díoltóra i mí Lúnasa 2025 tar éis thréimhse fógra trí mhí. Maoiníodh é sin le Vóta na Roinne Dlí agus Cirt. Déantar soláthar do bhuiséad caipitil €6 milliún sa Phlean Forbartha Náisiúnta i gcaitheamh 2026 agus 2027 chun an tionscadal CMS a sheachadadh agus tá príomh-acmhainní i bhfeidhm. Tá roghanna á meas ag Fiosrú chun an tionscadal a thabhairt chun cinn agus déanfar cinneadh go luath in 2026. Chun na rioscaí a bhaineann le leanúint leis an CMS reatha a mhaolú, d'fhorbair an díoltóir bunaidh CMS leasaithe eatramhach, agus chuaigh an córas sin 'beo' i mí Aibreáin 2025 lena chinntiú go gcomhlíonann Fiosrú na ceanglais reachtúla uile. Foilsíodh fógraí Trédhearcachta ex ante Deonach (VEAT) i ndáil leis an gcaidreamh conarthach leanúnach leis an díoltóir bunaidh.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag Fiosrú a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh Fiosrú. Tá siad sin sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann Coiste Iniúchta agus Riosca agus Bord Feidhmiúcháin Fiosrú athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gclár. Baintear úsáid as torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe do bhaill foirne sonracha.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach


Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don bhainistíocht agus do Bhord Feidhmiúcháin Fiosrú / do Choiste Iniúchta agus Riosca Fiosrú, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ar bun ag Fiosrú chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a bhainistiú riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Fiosrú ar éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta in Fiosrú atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

## Fadhbanna le rialú airgeadais inmheánach

Níor sainaithníodh aon fhadhb le rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2025 nach mór a nochtadh sa chuntas leithreasa.



**Sheila McClelland**
**Oifigeach Cuntasaíochta**

10 Márta 2026

**Tá an Ráiteas seo ar Rialú Airgeadais Inmheánach faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in 2026.**

Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath
D01 FT73

0818 600 800 nó +353(1) 871 6727

complaints@fiosru.ie

@FiosrúOmbudsman

www.fiosru.ie